





Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

Tuarascáil Bhliantúil 2003
An Chéad Eisiúint



Ráiteas Misin

Córas scrúduithe agus measúnachta stáit ar ardcháilíocht a sholáthar a chuimsíonn na caighdeáin is airde san oscailteacht, i gcothrom na Féinne agus i gcuntasacht.

Sainordú

Tá Coimisiún na Scrúduithe Stáit rialaithe faoi shainordú ina chuid dualgas de réir Ordú Bunaíochta IR Uimh. 373 na bliana 2003. Leag an t-ordú bunaithe seo amach feidhmeanna agus freagrachtaí an CSS mar seo a leanas:

- Reáchtáil scrúduithe a eagrú
- Ullmhúchán scrúdpháipéar agus ábhar scrúdaithe eile a dheimhniú
- Nósanna imeachta a leagan síos in ionaid ina mbíonn scrúduithe ar siúl, feitheoireacht scrúduithe san áireamh
- Socruithe a dhéanamh le haghaidh mharcáil oibre a chuirtear ar fail le haghaidh scrúdúcháin
- Torthaí scrúduithe a eisiúint
- Nósanna imeachta a leagan síos ionas gur féidir torthaí scrúduithe a athbhreithniú agus achomharc a dhéanamh orthu ar iarratas iarrthóirí
- Táillí scrúduithe a iarraidh agus a bhailiú agus an t-airgead sin a chaitheamh ar a chuid feidhmeanna a chur i gcrích agus
- Ionaid a ainmniú atá oiriúnach chun scrúduithe a chur ar siúl iontu.

Clár

Réamhfhocal ón gCathaoirleach	2
Ráiteas ón bPríomhfheidhmeannach	3
Staitisticí Scrúduithe go hAchomair	4

CAIBIDLÍ

1: Eagraíocht Nua	6
2: Athbhreithniú ar an bhFeidhmíocht i 2003	11
3: Fócas ar Scrúduithe agus ar Mheasúnacht	15
4: Maoiniú agus Freagracht	25
5: Ról an CSS i bhForbairt Mhódúlachtaí Measúnachta	27
6: Gníomhartha Corporáideacha – Ag tacú le hEochairfheidhmeanna Gnó	28

AGUISÍNÍ

Aguisín A: Ordú (Bunaíochta) Choimisiún Na Scrúduithe Stáit 2003	31
Aguisín B: Eagrú Feidhmeanna	32
Aguisín C: Eolaire Teagmhála	33
Aguisín D: Staitisticí 2003	34
Tábla 1: Líon Iarrthóirí Scrúduithe	34
Tábla 2: Ardeistiméireacht 2003 – Torthaí Comhiomlána	35
Tábla 3: Torthaí Na hArdeistiméireachta Feidmhí 2003	36
Tábla 4: An Teastas Sóisearach 2003 – Torthaí Comhiomlána	37
Táblaí 5-12: An Teastas Sóisearach 2003 – Torthaí	38
Táblaí 13-20: Ardeistiméireacht 2003 – Torthaí	46
Tábla 21: Achomhairc Thorthaí Scrúdaithe 2003	54

Réamhfocal ón gCathaoirleach



Tá an-áthas orm an chéad tuarascáil bhliantúil ó Choimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS) a fhoilsiú. Déanann an tuarascáil athbhreithniú ar fheidhmíocht agus ar fhorbairt na heagraíochta i rith na bliana 2003. Déantar forbhreathnú

ginearálta inti ar oibriúcháin an Choimisiúin, a léiríonn éagsúlacht mhór na bhfeidhmeanna is gá chun scrúduithe an stáit a riaradh.

I mí an Mhárta 2003, rinne an tAire Oideachais agus Eolaíochta, Noel Dempsey, TD, beart cinniúnach nuair a bhunaigh sé Coimisiún neamhspleách chun scrúduithe an stáit a riaradh. D'eascair bunú an CSS as Clár Leasaithe Struchtúrtha mór taobh istigh den Roinn sna sála ar fhoilsiú tuarascáil Chromien ar athbhreithniú oibriúcháin, córas agus riachtanas foirne na Roinne. Ba den riachtanas é go ndeimhneofaí muinín an phobail as sláine chóras na scrúduithe stáit agus bhí sé seo rí-thábhachtach i mbunú an CSS.

Le roinnt blianta, bhí athruithe suntasacha chun feabhais déanta ag an Roinn Oideachais agus Eolaíochta ar an gcóras scrúdaithe. Tá dea-riar ar an gcóras a aistríodh go dtí an CSS, é stóinseach, agus soláthraíonn sé seirbhís den scoth a lonnaíonn an t-iarrthóir ina croílár, agus tá sárchaighdeán cháilíochta, oscailteachta agus follasachta mar bhonn léi. Is mór an teist é ar cháilíocht an chórais agus ar obair dhian dhúthachtach na foirne san CSS gur riaradh scrúduithe 2003 ar na caighdeáin arda a bhfuil súil leo ag pobal na hÉireann.

I gcaitheamh na bliana 2003, rinneadh ár gcuid oibre a riaradh trí thagairt do na spriocanna straitéiseacha a bhí leagtha amach ag an Roinn Oideachais agus Eolaíochta. Tá dul chun cinn suntasach déanta ó shin i mbunú ár gcuid aithmeanna straitéiseacha féin do na blianta 2004-2006 agus foilseofar ár Ráiteas Straitéise sar i bhfad. Labhraíonn an ráiteas misin don eagraíocht nua ar a shon féin: “Córas scrúduithe agus measúnachta stáit ar ardcháilíocht a sholáthar a chuimsíonn na caighdeáin is airde san oscailteacht, i gcothrom na Féinne agus i gcuntasacht” agus dearbhaíonn sé ár dtiomantas féin do na treoirphrionsabail atá i gceist.

Creidim go bhfuil an CSS lánacmhainneach ar fhreagairt do na dúshláin a bheidh roimhe amach anseo. Táimid meáite ar chomhoibriú agus ar a bheith rannpháirteach lenár gcomhpháirtithe san oideachas chun feabhas a chur ar ár scrúduithe agus ar na seirbhísí a bhaineann leo.

Tá mé buíoch den Aire Dempsey agus d'fhoireann a Roinne as ucht a gcuid tacaíochta i mbunú an CSS agus i ngeall ar an gcúnamh a tugadh dúinn i gcaitheamh na bliana ar fad. Ba mhaith liom mo bhuíochas ó chroí a ghabháil leo siúd ar fad a dheimhnik an t-aistriú gan cháim chun na heagraíochta nua. Go háirithe, ní mór dom a lua go speisialta a mhéid oibre a rinne mo chomhghleacaithe, na coimisinéirí, a roinn taithí na mblianta go fial. Tá mé buíoch freisin de na meáin as an dea-mhéin chruthaitheach a léiríodar ó bunaíodh sinn. Mar fhocal scoir, is mian liom tréaslú le foireann an CSS, faoi cheannaireacht an Phríomhfheidhmeannaigh, Pádraic McNamara, agus a fhoireann bainistíochta, a d'oibrigh go dícheallach i rith na bliana seo caite.

Jimmy Farrelly
Cathaoirleach

Ráiteas ón bPríomhfheidhmeannach



Tá an-áthas orm Tuarascáil Bhliantúil 2003 an CSS a chur i láthair. Is í seo an chéad Tuarascáil Bhliantúil de chuid an CSS ó bunaíodh é i Márta na bliana 2003.

B'éigean don CSS aghaidh a thabhairt ar dhá dhúshlán i 2003. Ba é an chéad cheann glacadh láithreach bonn leis an bhfreagracht i riaradh na scrúduithe stáit ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta agus na caighdeáin arda a bhí leagtha síos ag an Roinn maidir leis seo a choinneáil. Ba é an dara ceann struchtúr eagraíochta a thionscnamh agus í a chumasú chun tacú le hobair an CSS mar chomhlacht a bhí neamhspleách ar an Roinn Oideachais agus Eolaíochta.

Tugann an Tuarascáil faisnéis luachmhar staitistiúil ar thorthaí na scrúduithe i 2003 agus déantar forbheathnú tairbheach inti ar roinnt réimsí eile atá leasmhar dár gcustaiméirí agus dár gcomhpháirtithe.

Cé go bhfuil sé tábhachtach machnamh a dhéanamh ar an méid a baineadh amach i 2003, ní mór don CSS a aird a dhíriú ar a lárfeidhm maidir le riaradh na scrúduithe stáit agus aghaidh a thabhairt, san am céanna, ar thosaíochtaí eile. Orthu seo, tá lánmhuinín an phobail as an CSS a choinneáil mar eagraíocht éifeachtúil a riarann na scrúduithe ar bhealach cothrom, oscailte agus freagrach, agus a thionscnaíonn agus a thugann tacaíocht don taighde agus don fhorbairt a bhaineann le ceisteanna scrúdaithe.

Tá ról lárnach ag an teicneolaíocht faisnéise agus chumarsáide chun go leanfaidh na próisis agus na seirbhísí scrúdaithe ar bhonn éifeachtúil, oscailte agus follasach agus éascaíonn an teicneolaíocht feabhsú na seirbhísí d'ardchaighdeán do chustaiméirí tríd an gclár rialtais níos leithne. Tá sé riachtanach ar fad don dul chun cinn agus don fhorbairt sa todhchaí go ndéanfaí infheistíocht leanúnach i scoth na n-uirlisí sa teicneolaíocht faisnéise agus go mbainfí lánleas astu. Tá ár n-aird dírithe go háirithe ar fhorbairt a dhéanamh ar réitigh atá bunaithe ar an idirlíon agus atá slán, chun freastal ar ár riachtanais ghnó.

Is mian liom mo bhuíochas a ghabháil leis an bhfoireann go léir san CSS i ngeall ar a ndúthracht agus an obair dhian atá déanta acu, agus go háirithe i ngeall ar a bhfreagairt dhearfa do na dúshláin nua a chruthaigh bunú an CSS dóibh. Is mian liom, chomh maith, mo bhuíochas ó chroí a ghabháil leis na húdaráis agus na foirne scoile, le múinteoirí, tuismitheoirí, mic léinn, scrúdaitheoirí, agus feitheoirí agus leis an bpearsanra eile ar fad ar chuidigh a dtiomantas, a gcur chuige agus a bproifisiúntacht go fial le dea-riaradh scrúduithe an stáit.

Mar fhocal scoir, is mian liom aitheantas a thabhairt don tacaíocht agus don cheannaireacht a léirigh na Coimisinéirí faoi chathaoirleacht Mr. Jimmy Farrelly. Tá tábhacht thar cuimse leis an obair atá déanta acu i rith tréimhse a bhí, agus a bheidh, lán d'athruithe, d'fhorbairt agus de dhúshlán don eagraíocht seo.

Pádraic McNamara


Príomhfheidhmeannach

Staitisticí Scrúduithe go hAchomair


EOCHAIRTHORTHAÍ SCRÚDUIHE 2003

	Ardteistiméireacht	Ardteistiméireacht Fheidhmeach	Teastas Sóisearach	Iomlán
Iarrthóirí	56,237	3,299	59,340	118,876
Ábhair	31	28	24	83
Uirlisí Tástála	120	58	67	245
Míreanna a Scrúdaíodh	816,926	68,763	932,123	1,817,812
Gráid	387,749	40,998	577,053	1,005,800
Achomhairc	10,229	65	1,659	11,953

LÍON IARRTHÓIRÍ SCRÚDUIHE STÁIT



CATAGÓIR IARRTHÓIRÍ ARDEISTIMÉIREACHTA





RÁTAÍ RANPHÁIRTÍOCHTA SAN ARDEISTIMÉIREACTH (AT BHUNAITHE)

Léiríonn an tábla seo a leanas rátaí rannpháirtíochta do na cúig ábhar déag ba mhó éileamh i scrúdú na hArdeistiméireachta 2003 agus comparáid idir iad agus rátaí rannpháirtíochta do na hábhair chéanna i scrúdú na bliana 2002.

Ábhar	2003		2002		% Athrú
	Iarrthóirí	Céatadán an Chohóirt	Iarrthóirí	Céatadán an Chohóirt	
1 Matamaitic	54,256	96.5%	53,658	96.7%	-0.2%
2 Béarla	53,460	95.1%	52,997	95.5%	-0.4%
3 Gaeilge	49,828	88.6%	49,085	88.4%	0.2%
4 Fraincis	32,491	57.8%	32,116	57.9%	-0.1%
5 Tíreolaíocht	28,951	51.5%	28,430	51.2%	0.3%
6 Gnó	23,531	41.8%	23,605	42.5%	-0.7%
7 Bitheolaíocht	22,671	40.3%	22,064	39.8%	0.5%
8 Eacnamaíocht Bhaile*	18,055	32.1%	18,508	33.4%	-1.3%
9 Stair	11,842	21.1%	10,792	19.4%	1.7%
10 Ealaín	9,848	17.5%	9,224	16.6%	0.9%
11 Staidéar Foirgníochta	8,898	15.8%	8,512	15.3%	0.5%
12 Fisic	8,806	15.7%	8,651	15.6%	0.1%
13 Gearmáinis	8,692	15.5%	8,722	15.7%	-0.2%
14 Cuntasáíocht	6,699	11.9%	7,070	12.7%	-0.8%
15 Ceimic	6,698	11.9%	6,497	11.7%	0.2%

*Sóisialta & Eolaíoch

RÁTAÍ RANPHÁIRTÍOCHTA SA TEASTAS SÓISEARACH

Léiríonn an tábla seo a leanas rátaí rannpháirtíochta do na cúig ábhar ba mhó éileamh i scrúdú an Teastais Shóisearaigh 2003 agus comparáid idir iad agus na rátaí rannpháirtíochta do na hábhair chéanna i scrúdú na bliana 2002.

Ábhar	2003		2002		% Athrú
	Iarrthóirí	Céatadán an Chohóirt	Iarrthóirí	Céatadán an Chohóirt	
1 Béarla	58,716	98.9%	59,590	98.6%	0.3%
2 Matamaitic	58,441	98.5%	59,295	98.1%	0.4%
3 Oideachas Saoránach, Sóisialta & Polaitiúil	57,526	96.9%	58,278	96.4%	0.5%
4 Gaeilge	53,979	91.0%	55,433	91.7%	-0.7%
5 Tíreolaíocht	53,786	90.6%	54,446	90.1%	0.5%
6 Stair	53,453	90.1%	53,796	89.0%	1.1%
7 Eolaíocht	51,090	86.1%	52,092	86.2%	-0.1%
8 Fraincis	39,323	66.3%	40,523	67.0%	-0.7%
9 Staidéar Gnó	37,315	62.9%	38,041	62.9%	0.0%
10 Ealaín, Ceardaíocht, Dearadh	21,592	36.4%	21,536	35.6%	0.8%
11 Eacnamaíocht Bhaile	20,224	34.1%	20,591	34.1%	0.0%
12 Teicneolaíocht Ábhar Adhmad	15,902	26.8%	15,675	25.9%	0.9%
13 Grafaic Theicniúil	13,387	22.6%	14,410	23.8%	-1.2%
14 Gearmáinis	11,385	19.2%	12,277	20.3%	-1.1%
15 Ceol	8,402	14.2%	8,691	14.4%	-0.2%

Caibidil 1: Eagraíocht Nua

Bliain chinníúnach ba ea 2003 do na scrúduithe stáit in Éirinn. Den chéad uair ó 1924, ba eagraíocht seachas an roinn Rialtais a raibh freagracht an oideachais uirthi a rinne na scrúduithe a riaradh. D'eascair bunú Choimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS) as Clár Leasaithe Struchtúrtha mór taobh istigh den Roinn Oideachais agus Eolaíochta.

Comhlacht reachtúil is ea an CSS faoi Alt 54 den Acht Oideachais, 1998 agus is é an tUasal Noel Dempsey, TD, an tAire Oideachais agus Eolaíochta a bhunaigh é ar 6 Márta 2003. Tá ról lárnach ag na scrúduithe stáit i saol poiblí na hÉireann, agus á aithint sin, bunaíodh an eagraíocht nua mar chomhlacht poiblí neamh-roinne ina bhfuil foireann státseirbhíseach ag obair.

Is é an Rialtas a cheap an cúigear coimisinéirí neamhfheidhmiúcháin ar ainmniúchán an Aire Oideachais agus Eolaíochta agus mairfidh a dtréimhse ar feadh trí bliana. Tá foireann bhuan fheidhmeannach 185 duine ann.

Is é príomhghníomhaíocht ghnó an CSS ná forbairt, measúnacht, creidiúnú agus deimhniú teastas na scrúduithe dara leibhéal de chuid Stát na hÉireann: an Teastas Sóisearach agus an Ardteistiméireacht. Tá an CSS meáite ar chóras scrúduithe agus measúnachta a chur ar fáil, i gcomhpháirt leis na comhpháirtithe oideachais, atá éifeachtach, cothrom agus inrochtana, agus a dheimhniú go n-oibrítear an córas scrúduithe i dtimpeallacht atá oscailte, follasach agus freagrach. Tá ráiteas misin an CSS mar bhonn faoin tiomantas sin:

“Córas scrúdaithe agus measúnachta stáit ardcháilíochta a sholáthar a chuimsíonn na caighdeáin is airde san oscailteacht, i gcothrom na Féinne agus i gcuntasacht”

Is iad seo a leanas feidhmeanna an CSS:

- reachtáil na scrúduithe a eagrú
- scrúdpháipéir agus ábhair éile scrúdaithe a ullmhú
- gnáthaimh a shocrú chun scrúduithe a riaradh agus a mhaoirsiú
- marcáil na hoibre a chuirtear isteach ar scrúdú a eagrú
- torthaí scrúduithe a eisiúint

- gnáthaimh a shocrú d'athbhreithniú agus d'achomharc thorthaí scrúduithe ar iarratas ó na hiarrthóirí
- táillí scrúduithe a ghearradh agus a bhailiú
- ionaid ina bhféadfaí scrúduithe a thionól a ainmniú

Tá gach ceann de na feidhmeanna seo riachtanach chun go mbainfí amach, mar aidhm iomlán, córas scrúduithe d'ardchaighdeán a chur ar fáil a thuilleann meas náisiúnta agus idirnáisiúnta.

Is fiú a áireamh, mar léiriú ar mhéid na gníomhaíochta is gá chun na scrúduithe stáit a riaradh, gur bhain na gníomhaíochtaí seo a leanas le scrúduithe 2003:

- Fostaíodh 650 duine ar conradh chun cuidiú le dréachtadh agus cóiriú comhpháirteanna scrúduithe, ar nós páipéir scríofa agus comhpháirteanna cainte, cluastuisceana agus praiticiúla
- Táirgeadh suas le 2 mhiliún comhpháirt scrúdaithe agus rinneadh socrúithe chun na comhpháirteanna seo a dháileadh ar bhreis agus 4,600 ionad scrúdaithe
- Fostaíodh 4,620 feitheoir chun feitheoireacht a dhéanamh i 4,610 ionad scrúdaithe agus 30 ionad speisialta in ospidéal san áireamh
- Fostaíodh 6,000 scrúdaitheoir chun na scrúduithe a mharcáil
- Tugadh 1 mhiliún grád indibhidiúil i 83 ábhar éagsúil ar bronnadh 120,000 teastas scrúdaithe dá bharr
- Seoladh ar ais beagnach 300,000 scrípt scrúdaithe Ardteistiméireachta go dtí ionaid scrúdaithe chun deis a thabhairt d'iarrthóirí indibhidiúla breathnú ar a gcuid scrípteanna marcáilte féin
- Rinneadh socrúithe chun athbhreithniú a dhéanamh ar 12,000 torthaí scrúduithe mar chuid de phróiseas na n-achomharc
- Rinneadh bainistiú ar chaiteachas €47 milliún ar na scrúduithe a riaradh ar bailíodh €7 milliún de i dtáillí scrúdaithe



Oibríonn an CSS de réir frámaí ama fíordhochtá agus, fós féin, tá béim an-mhór ar éifeachtúlacht oibríúcháin, ar shlándáil agus ar cháilíocht. Tríd is tríd, is obair ollmhór eagrúcháin atá i gceist le riaradh na scrúduithe a éilíonn comhordú, comhoibriú agus obair foirne chun go n-éireodh leis.

NA COIMISINÉIRÍ

Tá sainordú ag na Coimisinéirí ina gcuid dualgas faoi Ordú (Bunú) Coimisiún na Scrúduithe Stáit 2003 agus maireann a dtéimhse oifige ar feadh trí bliana. Tá siad seo a leanas ceaptha ina gcéad Choimisinéirí Scrúduithe Stáit:



An tUasal Jimmy Farrelly,
*Cathaoirleach, Iar-Ardrúnaí na Roinne
Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil*



An tUasal Mary Bridget O'Hara,
*Leas-Chathaoirleach,
Iar-phríomhoide iar-bhunscoile*



Dr Dympna Glendenning,
*Abhcóide, údar agus
Iar-phríomhoide bunscoile*




Dr Martin Newell,
Rúnaí leis an LOI



An tUasal Barra Ó Briain,
*Príomhfheidhmeannach, Coiste
Gairmoideachais Chontae Chorcaí*

AN FHOIREANN ARDBHAINISTÍOCHTA



*Chuaigh John McGinty ar a phlínsean i mí na Samhna 2003 agus tháinig Tadhg Ó Siocháin i gcomharbacht air mar Cheannaire ar an Rannóg Scrúduithe agus Measúnachta



AN FEIDHMEANNAS

Tá 150 ball foirne san fheidhmeannas agus iad lonnaithe i gceanncheathrú an CSS i mBaile Átha Luain, Contae na hIarmhí, chomh maith le 35 ball foirne sa Rannóg Scrúduithe agus Measúnachta atá lonnaithe ar fud na tíre, Baile Átha Cliath, Corcaigh, Gaillimh agus Luimneach san áireamh.

An Rannóg Scrúduithe Agus Measúnachta

Tá an Rannóg Scrúduithe agus Measúnachta freagrach i ndeimhniú na cáilíochta agus na gcaighdeán sna scrúduithe go léir ag an CSS. Chuige seo, déantar gach beart is gá chun na caighdeán is airde a choinneáil i ngach ábhar scrúdaithe in aghaidh na bliana agus déantar deimhin de go gcloítear le comhghnásanna agus gnáthaimh shonracha. Féachann an rannóg chuige freisin go dtugtar san áireamh go hiomlán an reachtaíocht agus na treoirlínte ábhartha i réimsí ar nós an chomhionannais agus riachtanais speisialta in ullmhú na scrúdpháipéar, i dtionól na scrúduithe, i bpróiseas na marcála agus ina dhiaidh sin i bpróiseas na n-achomharc.

Cuimsíonn an rannóg an Ceannaire Rannóg Scrúduithe & Measúnachta, triúr Ceannairí Cúnta agus duine is tríocha atá ina mBainisteoirí Scrúduithe agus Measúnachta (EAMs) – bhí gach duine díobh seo leis an gCigireacht sa Roinn Oideachais agus Eolaíochta cheana féin agus is speisialtóirí ardcháilithe ábhar iad. Tá na EAMs freagrach i mbainistiú na scrúduithe éagsúla a leagtar orthu ina gcáilíocht mar Phríomhscrúdaitheoirí. Tá ról monatóireachta acu freisin agus deimhníonn siad go gcloítear le rialacháin an CSS i scoileanna agus in ionaid scrúdaithe.

Déanann an rannóg bainistiú ar obair 650 pearsa ar conradh a fhostaítear chun páipéir scrúduithe agus uirlisí tástála eile a dhreachtadh agus a chóiriú. Tá an rannóg freagrach freisin i mbainistiú obair 6,000 scrúdaitheoir a fhostaítear gach bliain chun cuidiú le marcáil na scrúduithe agus le hachomharc ar bith ina dhiaidh sin.

An Rannóg Oibríúchán

Tá céad ball foirne buan sa Rannóg Oibríúchán agus is é an Stiúrthóir Oibríúchán atá ina cheannaire uirthi. Nuair a

shroicheann obair na scrúduithe a buaic i mí an Mheithimh, lúil agus Lúnasa, fostaítear 80 duine breise ar bhonn sealadach.

Tá an rannóg freagrach sna feidhmeanna riaracháin agus eagrúcháin ar fad a bhaineann le riaradh na scrúduithe agus tá sí i gcroílár na ngníomhaíochtaí laethúla. Déanann an rannóg próiseáil ar iarratais ar scrúduithe agus ar achomhairc, féachann i ndiaidh na scrúdpháipéir a chló agus a phacáil, earcaíonn scrúdaitheoirí agus feitheoirí, ceadáíonn ionaid scrúdaithe agus ceapann feitheoirí sna hionaid sin, déanann na scrúdpháipéir agus stáiseanóireacht eile a dháileadh, dáileann scrípteanna scrúdaithe ar scrúdaitheoirí cúnta, socraíonn comhdhálacha marcála, socraíonn an breathnú ar scrípteanna, comhordaíonn próiseas na n-achomharc, agus eísíonn na torthaí sealadacha agus na teastais scrúdaithe. Is é atá mar bhunaidhm sna gníomhaíochtaí seo ar fad ná caighdeán, slándáil, sláine agus seachadadh chóras scrúduithe an stáit a dheimhniú.

Lársheirbhísí Tacaíochta

Teicneolaíocht Faisnéise agus an Rannóg Airgeadais

Tá Príomhoifigeach i gceannas ar an Rannóg Teicneolaíochta Faisnéise agus Airgeadais. Baineann scrúduithe an stáit leas thar na bearta as na córais teicneolaíochta faisnéise d'ardchaighdeán atá ann. Chomh maith leis na córais scrúdaithe lárnacha, tá forbairt déanta ar sheirbhísí idirghníomhacha gréasáin a chuireann ar chumas iarrathóirí teacht ar thorthaí a gcuid scrúduithe, íoc as táillí achomhairc agus a cheadaíonn d'iarrthóirí seachtracha iontráil sna scrúduithe ar-líne agus íoc astu. Deimhníonn an saineolas san Aonad IT go bhfuil an CSS ar thús cadhnaíochta i gcórais riarachán scrúdaithe go hidirnáisiúnta trí chórais atá ann cheana féin a choinneáil bonn ar bhonn le teicneolaíochtaí nua agus le teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn, agus trí uasghrádú a dhéanamh.

Féachann an tAonad Airgeadais chuige go gcuirtear na hoibríúcháin ar fad san CSS i gcrích ar an mbealach is éifeachtaí agus is éifeachtúla maidir le costais agus go mbíonn luach ar chaiteachas airgid le fáil. Tá an tAonad

Airgeadais freagrach as na híocaíochtaí go léir a dhéanann an CSS. Orthu seo tá íocaíochtaí táillí leis an bpearsanra ar conradh, ina measc, dréachtóirí, cóiritheoirí, feitheoirí agus scrúdaitheoirí. Féachann an tAonad Airgeadais chuige go mbíonn gach ní in oiriúint maidir leis an reachtaíocht a bhaineann le cánachas, soláthar, agus ús ar íocaíochtaí déanacha agus féachann chuige freisin go bhfuil na hidirbhearta airgeadais go léir ag an CSS ag teacht le riachtanais an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.

Cúrsaí Corparáideacha agus an Rannóg Pearsanra

Tá Príomhoifigeach i gceannas ar an Rannóg Gnóthaí Corparáideacha agus Pearsanra. Seasann Gnóthaí Corparáideacha le riachtanais ghnó na heagraíochta trína dheimhniú go gcloítear le gealltanais agus le tionscnaimh an Rialtais láir agus trí chomhordú a dhéanamh ar an gclár athnuachana faoin mBeartas Bainistíochta Straitéiseach (SMI) agus faoin gComhaontú Comhpháirtíochta Sóisialta um Dhul Chun Cinn. Cuireann an Rannóg roinnt seirbhísí eile ar fáil freisin, ina measc, Oifig Phreas agus Chaidrimh Phoiblí, comhordú ar na struchtúir Chomhpháirtíochta, forbairt agus riaracháin ar an suíomh gréasáin, soláthar eolais, forbairt ar fhoilseacháin chorparáideacha agus gníomhaíonn sí freisin mar rúnaireacht do na Coimisinéirí.

Seasann an tAonad Pearsanra le riachtanais phearsanra an 185 fostaí buan agus an 80 duine sealadach san CSS. Tá an t-aonad freagrach as na héilimh phearsanra agus chóiríochta ar fad a shásamh, as earcaíocht agus arduithe céime a chomhordú, agus as oiliúint agus forbairt foirne a phleanáil. Deimhníonn an t-aonad freisin go gcuireann an eagraíocht reachtaíocht agus treoirlínte comhionannais chun cinn agus go gcloítear leo, agus cuireann sé i bhfeidhm beartais phearsanra an Rialtais láir, tionscnaimh leas-an-teaghligh san áireamh.

Caibidil 2: Athbhreithniú ar an bhFeidhmíocht i 2003

FORBAIRT MÓD AGUS SOLÁTHAR MEASÚNACHTA

Tá sé rí-thábhachtach go ndéantar riachtanais oideachasúla mhac léinn a shásamh, go ndéantar iad a mheasúnú go cuí agus go dtugtar scoth na ndeiseanna do dhaoine óga chun a mianach a chomhlíonadh. Sa chomhthéacs seo, tá forbairt leanúnach tagtha ar chóras scrúduithe an stáit agus é ag freagairt do riachtanais mheasúnachta na mac léinn.

Le blianta beaga, tá forbairt shuntasach tagtha ar na cláir staidéir atá ar fáil. Laistigh den Timthriall Sinsearach, cuirtear trí rogha ar fáil do mhic léinn: an Ardeistiméireacht bhunaithe, Clár na hArdeistiméireachta Feidhmí agus Clár Gairme na hArdeistiméireachta. Ar leibhéal an Teastais Shóisearaigh, tá an rogha Clár Scoile an Teastais Shóisearaigh ar fáil. Tá forbairt déanta i gcaitheamh na mblianta ar na móid measúnachta atá in oiriúint do na cláir seo, agus iad curtha i bhfeidhm.

Táthar ag leanúint i gcónaí den fhorbairt ar ábhair indibhidiúla i dtaca leis an ábhar siollabais agus leis na móid measúnachta. Déantar meastóireacht ar réimse leathan eolais, scileanna agus ábaltachtaí trí mheán móid éagsúla measúnachta. Mar shaintréith san éagsúlacht seo i gcúrsaí measúnachta tá na trialacha cainte agus cluastuisceana, tástálacha praiticiúla, obair chúrsa, agallaimh, obair thionscnaimh, dialanna, fiosrúcháin taighde, agus tascanna.

Gné rialta de na scrúduithe stáit anois iad na scrúduithe il-chomhpháirteacha. Déantar an mheasúnacht i dteangacha, mar shampla, trí chomhpháirteanna scríofa, cainte agus cluastuisceana, agus déantar measúnacht ar an gceol trí thástálacha scríofa, cluastuisceana agus tástálacha praiticiúla seanma.

Forbairtí suntasacha iad seo sa mheasúnacht sa mhéid go bhfreagraíonn siad don taighde reatha oideachasúil a thugann

le fios gur chóir go gcuirfeadh an próiseas measúnachta ar chumas na n-iarrthóirí a gcuid eolais, scileanna agus ábaltachtaí a léiriú. Más maith iad na forbairtí seo, i dtéarmaí dílseacht na measúnachta a fhorbairt tuilleadh, tá breis dúshlán cruthaithe acu freisin don chóras scrúduithe. Éilíonn líon na dtástálacha cainte, mar shampla, go mbíonn fáil ar líon mór scrúdaitheoirí. Déantar éilimh throma ar an gcóras scrúduithe, de bharr freagairt don riachtanas seo, agus sláine na scoilbhliana á cur san áireamh ina theannta.

MEASÚNACHT AR SHIOLLABAIS NUA

Sa bhliain 2003 a tugadh an chéad scrúdú isteach in Oideachas Reiligiúnach an Teastais Shóisearaigh. Bhí suntas ar leith ag baint leis seo toisc gurbh é an chéad uair é a scrúdaíodh an tOideachas Reiligiúnach faoin Stát. Tá an siollabas tógtha ar chreat eolais, tuisceana, scileanna agus meonta a bhaineann le reiligiún. Sa réamhullmhúchán don scrúdú seo rinneadh réamhthástáil ar scrúdpháipéir shamplacha i roinnt scoileanna a bhí rannpháirteach sa siollabas a thabhairt isteach.

Déantar an t-ábhar a scrúdú ag an Ardleibhéal agus ag an nGnáthleibhéal araon. Ní mór dialann a thuilleann 20% den mharc iomlán, agus a chuireann iarrthóirí i gcrích sa bhliain dheireanach den Timthriall Sóisearach, a ullmhú don scrúdú, chomh maith le scrúdú scríofa ceann cúrsa.

B'iad seo a leanas torthaí 2003 mar a thaispeántar ag *Fig. 2.1* thíos.

Tugadh isteach siollabas nua Ardeistiméireachta san Oideachas Reiligiúnach i Meán Fómhair 2003. Tá sé á theagasc faoi láthair i 5 scoil agus meastar go ndéanfaidh cohórt 100 iarrthóirí an chéad scrúdú i 2005.

Fig. 2.1: Torthaí in Oideachas Reiligiúnach sa Teastas Sóisearach 2003

Leibhéal	Líon na nIarrthóirí	Grád A	Grád B	Grád C	Grád D	Grád E, F nó NG
Ardleibhéal	4,164	14%	34%	35%	14%	3%
Gnáthleibhéal	1,623	14%	37%	26%	16%	7%

Scrúdaíodh Rúisis na hArdteistiméireachta i mbliana den chéad uair. Tionscnaíodh an scrúdú i siollabas leasaithe sa Mhatamaitic don Teastas Sóisearach i 2003 freisin.

BÉALTRIALACHA TEANGA SAN ÁIREAMH I bPRÓISEAS NA nACHOMHARC

Tá an CSS meáite ar thacaíocht a thabhairt do chlár d'ardchaighdeán i scrúduithe agus ar dhaingniú a dhéanamh ar oscailteacht, ar fhollasacht agus ar chuntasacht a chuid córas agus próiseas. I 2003, thug an CSS isteach roinnt beart chun feabhas breise a chur ar ráthú caighdeán agus ar an tseirbhís do chustaiméirí araon.

Cuireadh an chomhpháirt chainte sna scrúduithe teanga ar fad san áireamh i bpróiseas na n-achomharc i mbliana den chéad uair. Chuige sin ba ghá gach béaltrial a thairfeadh agus gach taifeadh a rianadh, a chomhadú, a stóráil, a choinneáil agus a aisghabháil i gcás achomhairc.

Éascaíonn an beart seo a bheith i bhfeidhm athmharcáil iomlán na gcomhphárteanna ar fad i scrúdú i gcás go ndéanann iarrthóir achomharc faoi thoradh ina bhfuil comhpháirt chainte. Is iad na hábhair atá i gceist ná Gaeilge, Fraincis, Gearmáinis, Spáinnis, Iodáilis, Rúisis agus Seapáinis. Taifeadh suas le 100,000 béaltrial san iomlán i 2003.

MONATÓIREACHT NA SCRÚDUITHE PRAITICIÚLA

Feidhm thábhachtach de chuid na Rannóige Scrúduithe agus Measúnachta is ea monatóireacht a dhéanamh ar an gcomhall le rialacháin an CSS maidir le gnáthamh na scrúduithe. Tionóltar scrúduithe praiticiúla in aghaidh na bliana i gcaitheamh an Aibreáin agus Bealtaine san Ardteistiméireacht agus sa Teastas Sóisearach araon.

Tháinig méadú suntasach i 2003 ar leibhéal na monatóireachta ar scrúduithe praiticiúla agus ar scrúduithe Chlár Gairme na hArdteistiméireachta. Rinne Bainisteoirí Scrúduithe agus Measúnachta (EAMs) monatóireacht ar ionaid scrúdaithe i scoileanna áirithe a roghnaíodh ar fud na tíre.

Is mór ag an CSS an cúnamh ó lucht bainistíochta i scoileanna agus ó mhúinteoirí i dtionól na scrúduithe praiticiúla.

Tá breis forbartha ar an monatóireacht ar na scrúduithe seo beartaithe i 2004.

FOIREANN AR CONRADH A OILIÚINT

Fostaíonn an CSS líon suntasach foirne ar conradh gach bliain chun cuidiú le hullmhú, le cur ar fáil agus le measúnú na scrúduithe. Orthu seo tá dréachtóirí, cóiritheoirí, cóiritheoirí cúnta, aistritheoirí, clóchuradóirí, dearthóirí grafaice, agus a thuilleadh.

I ngeall ar na cleachtais nua de thoradh bhunú an CSS, rinneadh anailís ar riachtanais oiliúna na foirne ar conradh. Tugadh tús áite d'oiliúint a thabhairt do chóiritheoirí agus do chóiritheoirí cúnta. Cuireadh meitheal oibre ar bun chun clár oiliúna comhtháite a phleanáil, a dhearadh agus a chur ar fáil agus chun lámhleabhar oiliúna a dhréachtadh do chóiritheoirí cúnta.

Chuir baill den Rannóg Scrúduithe agus Measúnachta an oiliúint ar fáil i mí na Samhna 2003, agus bhí ceisteanna dá gcineál féin amháin agus ceisteanna ábhar-shainiúla araon san áireamh. San áireamh freisin bhí ionchuir ar theoiric, ar bhailíocht, agus ar iontaofacht na measúnachta, chomh maith le ceisteanna eitice agus rúndachta, dearadh ceisteanna, úsáid teanga agus dearadh na scéimeanna marcála. Tugadh cóip den *Manual for Setters and Assistant Setters* do gach duine a bhí rannpháirteach.

Tá an clár oiliúna don fhoireann ar conradh ar siúl i gcónaí agus cuirfear cláir ar leith do dhréachtóirí agus d'aistritheoirí ar fáil i gcaitheamh na bliana 2004.

GRINNBHREITHNITHE AR NA PRÓISIS SCRÚDUITHE

Faigheann an CSS ualach mór tuairimíochta agus comhfheagrais i dtaca le ceisteanna scrúdaithe agus measúnachta i gcaitheamh na bliana ar fad, agus go háirithe, i rith tréimhse na scrúduithe i mí an Mheithimh. Tagann siad seo isteach ón iliomad foinsí, ina measc sin, iarrthóirí, tuismitheoirí, múinteoirí, údaráis scoileanna, agus baill den phobal i gcoitinne. Faigheann an CSS aischothú luachmhar freisin ar na scrúdpáipéir ó chomhlachtaí oideachais proifisiúnta, ina measc sin, cumainn na n-ábhar ar leith, ceardchumainn múinteoirí, an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta agus ionadaithe ó na hollscoileanna. Ina theannta sin, díróinn na meáin trí chéile, agus na comhfheagraithe oideachais go sonrach, aird an CSS ar cheisteanna ar leith.



Tá córas aonchineálach i bhfeidhm ag an CSS chun déileáil leis an gcomhfhreagras agus leis na tuairimí a fhaightear. Ar an gcéad dul síos, déantar an comhfhreagras a thaifeadadh, agus cuirtear ar aghaidh ina dhiaidh sin é go dtí an Príomhscrúdaitheoir a bhaineann leis an scéal. Déanann an Príomhscrúdaitheoir léirbhreithniú ar an gcomhfhreagras ar fad, ar na tuairimí agus ar na huiríll sula gcuirtear clabhsúr ar an scéim mharcála.

Is mian leis an CSS a aithint, agus é lánmheáite ar na caighdeáin is airde i gcuntasacht phoiblí a dheimhniú, go ndéanann na comhlachtaí éagsúla proifisiúnta agus oideachais agus dreamanna eile ionchur luachmhar maidir leis na scrúduithe.

CÚINSÍ GAN CHOINNE

In ainneoin na mbeartas dian atá i bhfeidhm chun caighdeán a dheimhniú trí chóras na scrúduithe ar fad, tagann cúinsí gan choinne chun cinn le linn na scrúduithe. Orthu seo, mar shampla, tharlódh go mbeadh fadhbanna fuaimne ann le linn scrúduithe cluastuisceana, go ndéanfaí damáiste d'obair scrúdaithe, nó go mbeadh débhríochas teicniúil ann de thoradh aistriúcháin ar pháipéar scrúdaithe, nó go mbeadh débhríochas gan choinne i gcóiríú ceiste.

Tá an prionsabal go gcaithfí go cothrom le gach iarrthóir mar bhonn faoi obair an CSS. I gcás cúinse gan choinne a d'fhéadfadh, ar bhealach ar bith, an bonn faoin bprionsabal seo a bhaint, déanann an CSS fiosrú iomlán agus gníomhaíonn go cuí chun deimhin a dhéanamh de nach mbeidh iarrthóir scrúdaithe ar bith faoi mhíbhuntáiste de dheasca cúrsaí nach bhfuil smacht ar bith aige nó aici orthu.

Mar shampla, i scrúdú na bliana seo, fuair an CSS amach nach raibh, trí earráid, cuid de cheist ar an bpáipéar Ardleibhéil i scrúdú Cheimic na hArdteistiméireachta, laistigh de scóip an tsiollabais fhoilsithe. Dá réir sin, cuireadh an scéal seo san áireamh agus an scéim mharcála don Cheimic Ardleibhéil á forbairt agus á cur i bhfeidhm, agus bhí foráil sa scéim mharcála a dheimhniú nach mbeadh iarrthóir ar bith faoi mhíbhuntáiste de dheasca na hearráide seo.

TUAIRISCÍ NA bPRÍOMHSCRÚDAITHEOIRÍ

Foilsíonn an CSS Tuairisc Phríomhscrúdaitheora i roinnt réimsí ábhar gach bliain. Roghnaítear na réimsí ábhar in ord a chéile. Bíonn na tuairiscí bunaithe ar fhaisnéis agus ar anailís a chuireann meitheal na scrúdaitheoirí ar fáil. Déantar anailís ar gach gné den phróiseas scrúdaithe, agus leagtar béim ar leith ar chaighdeán na bhfreagraí ó na hiarrthóirí agus ar na torthaí staitistiúla.

Baintear leas as teimpléad tuairiscithe comónta ar mhaithe le faisnéis a bhaineann le hábhar ar gach gné den phróiseas measúnachta agus chun na torthaí a chur ar fáil d'iarrthóirí, múinteoirí, comhlachtaí proifisiúnta agus páirtithe leasmhara eile. Bíonn moltaí sna tuairiscí do mhúinteoirí agus do mhic léinn agus bíonn eiseamláirí de ghnáth iontu de fhreagraí na n-iarrthóirí.

Foilsíodh Tuairisc Phríomhscrúdaitheoirí ar scrúduithe 2003 sna hábhair seo a leanas.

Fig. 2.2: Tuairiscí na bPríomhscrúdaitheoirí 2003

An Teastas Sóisearach	An Ardteistiméireacht
Béarla	Gnó
Eacnamaíocht Bhaile	Spáinnis
Tíreolaíocht	Fraincis
Matamaitic	Gearmáinis
Gaeilge	Staidéar Clasaiceach
Ceol	Ceol
Staidéar Clasaiceach	
Ealaín, Ceardaíocht agus Gréaschóiríú	

Is féidir teacht ar na tuairiscí ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin www.examinations.ie

ATHBHREITHNIÚ INMHEÁNACH AR PHRÓISEAS SCRÚDAITHE 2003

Tá an CSS meáite ar na caighdeáin is airde a bhuanú laistigh de gach gné den phróiseas scrúdaithe agus ar na cleachtais agus na gnáthaimh a fheabhsú ar bhonn seasta.

Chuaigh an CSS, agus é ag cloí leis an aidhm seo, i mbun athbhreithniú inmheánach sonrach ar oibríúchán na scrúduithe i 2003. Is é an cuspóir a bhí leis seo ná meastóireacht a dhéanamh ar na próisis scrúdaithe éagsúla mar a d'oibríodar i 2003, agus é d'aidhm oibríúchán na scrúduithe i 2004 agus sna blianta ina dhiaidh sin a fheabhsú. Tá na feabhsuithe ar an gcóras agus ar sheirbhísí do na custaiméirí á gcur i bhfeidhm i gcónaí.

TORTHAÍ SCRÚDUITHE 2003

Cuirtear tuairisc shonrach staitistiúil i láthair ar thorthaí na scrúduithe i ngach ábhar i scrúduithe 2003 in **Aguisín D**. Tugann na staitisticí seo, in éineacht le Tuairiscí foilsithe na bPríomhscrúdaitheoirí, anailís chuimsitheach ar na torthaí a ghnóthaigh na hiarrthóirí i scrúduithe 2003.

PLEANÁIL DO 2004

Déanfar an siollabas nua in Eacnamaíocht Bhaile na hArdteistiméireachta a scrúdú agus a mheasúnú den chéad uair i 2004. Mar chuid den réamhullmhúchán don scrúdú nua eisíodh páipéir shamplacha agus eolas measúnachta do scoileanna agus d'iarrthóirí.

Scrúdfar siollabas nua i mBitheolaíocht na hArdteistiméireachta den chéad uair i 2004. Ullmhaíodh ciorcláin agus páipéir shamplacha agus eisíodh iad do scoileanna i 2003.

I Nascmhodúil an LCVP, cé go bhfuil an chreat agus na móid measúnachta a bheag nó a mhór mar a chéile le 2003, tá réimsí nua, ar nós fiosruithe faoi ghairmeacha, curtha leo. Is féidir an fiosrú a chur i láthair ar théip fuaimne den chéad uair. Tá treoirlínte measúnachta foilsithe ag an CSS, chomh maith le ceisteanna samplacha, agus ábhar eiseamláireach agus seoladh ciorcláin chuig scoileanna maidir leis na hathruithe.

Scrúdfar freisin den chéad uair i 2004, siollabas eatramhach Ardteistiméireachta san Arabais, atá ceaptha ag coiste cúrsa de chuid na Comhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta. Tá an t-ábhar ar fáil ag an nGnáthleibhéal agus ag an Ardleibhéal. D'eisigh an CSS páipéir shamplacha agus cuntas gearr ar fhormáid na bpáipéar scrúduithe in éineacht le liosta d'ábhair shainithe, chuig scoileanna ag deireadh na Samhna 2003.

Caibidil 3: Fócas ar Scrúduithe agus ar Mheasúnacht

BLIAIN I gCOIMISIÚN NA SCRÚDUITHE STÁIT

Ní mór pleanáil shonrach a dhéanamh i gcaitheamh na bliana ar fad chun bainistíocht a dhéanamh ar scrúduithe an stáit. Tá sé intuigthe go mbeadh an aird is mó ag an bpobal ar thréimhse na scrúduithe sa Mheitheamh agus tráth éisiúna na dtorthaí i mí Lúnasa agus Meán Fómhair, ach mar sin féin, ní mór ionchur suntasach a dhéanamh i gcaitheamh na bliana ar fad sa phróiseas pleanála agus bainistíochta. Tá léiriú anseo thíos ar an timthriall leathan bliantúil sna scrúduithe:

Fig. 3.1: An Timthriall Scrúduithe Bliantúil

EOCHAIR	Bliain 1 (An Bhliain roimhe)	Bliain 2 (An Bhliain reatha)	Bliain 3 (An Chéad Bhliain eile)
Eanáir	Scrúdpáipéir a chur i gcló agus a iniúchadh Spriodhata chun glacadh le hiontrálacha don Ardeistiméireacht		
Feabhra	Scrúdpáipéir a chur i gcló agus a iniúchadh Scrúdaitheoirí sna béaltrialacha agus sna scrúduithe praiticiúla a cheapadh Ullmhúchán do chomhdhálacha marcála na scrúduithe praiticiúla Ionaid scrúduithe a ainmniú An Ardeistiméireacht Fheidhmeach – Measúnacht ar Thascanna na Mac Léinn		
Márta	Scrúdpáipéir a chur i gcló agus a iniúchadh Tús le béaltrialacha Tús le scrúduithe praiticiúla Monatóireacht ar riaradh na mbéaltrialacha agus scrúduithe praiticiúla Spriodhata chun glacadh le hiontrálacha don Teastas Sóisearach Eisiúint na dTeastas Ardeistiméireachta Eisiúint na dTeastas sa Teastas Sóisearach		
Aibreán	Scrúdpáipéir a chur i gcló agus a iniúchadh Clabhsúr ar na béaltrialacha Clabhsúr ar na scrúduithe praiticiúla Pacáil na scrúdpáipéar agus na leabhar freagraí Dréachtadh scrúdpáipéar		
Bealtaine	An Ardeistiméireacht Fheidhmeach – béaltrialacha agus scrúduithe praiticiúla An Ardeistiméireacht Fheidhmeach – Measúnacht ar Thascanna na Mac Léinn Clabhsúr ar na scrúduithe praiticiúla Pacáil agus seachadadh stáiseanóireacht na scrúduithe Ceapadh na bhfeitheoirí in ionaid scrúduithe Dréachtadh scrúdpáipéar		

Meitheamh	<p>Dáileadh na scrúdpháipéar agus na leabhar freagraí</p> <p>TIONÓL NA SCRÚDUITHE SCRÍOFA</p> <p>Monatóireacht ar riaradh na scrúduithe</p> <p>Tús leis na comhdhálacha marcála</p> <p>Tús leis an bpróiseas marcála agus monatóireachta</p> <p>Dréachtadh scrúdpháipéar</p>
Iúil	<p>Tionól na gcomhdhálacha marcála</p> <p>Leanúint leis an bpróiseas marcála agus monatóireachta</p> <p>Próiseáil agus ionchur torthaí</p> <p>Dréachtadh scrúdpháipéar</p>
Lúnasa	<p>Próiseáil agus ionchur torthaí</p> <p>EISIÚINT TORTHAÍ SEALADACHA NA hARDTEISTIMÉIREACHTA</p> <p>Breathnú ar scrípteanna marcáilte na hArdteistiméireachta</p> <p>Monatóireacht ar an bpróiseas breathnaithe</p> <p>Dréachtadh scrúdpháipéar</p>
Meán Fómhair	<p>EISIÚINT TORTHAÍ SEALADACHA AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH</p> <p>Spríodhata chun glacadh le hachomhairc san Ardteistiméireacht</p> <p>Spríodhata chun glacadh le hachomhairc sa Teastas Sóisearach</p> <p>Marcáil agus monatóireacht na n-achomharc</p>
Deireadh Fómhair	<p>Eisiúint torthaí achomharc na hArdteistiméireachta</p> <p>Breathnú iar-achomharc ar scrípteanna Ardteistiméireachta</p> <p>Cóiriú agus profáil scrúdpháipéar</p> <p>Earcú agus ceapadh Scrúdaitheoirí</p>
Samhain	<p>Eisiúint torthaí achomhairc an Teastais Shóisearaigh</p> <p>Earcú agus ceapadh Feitheoirí</p> <p>Cóiriú agus profáil scrúdpháipéar</p>
Nollaig	<p>Cóiriú agus profáil scrúdpháipéar</p>



COTHROMAS AGUS COTHROIME

Tá an CSS lánmheáite ar chóras scrúduithe agus monatóireachta a chur ar fáil ina bhfuil na caighdeáin is airde cothromais agus cothroime a chuireann ar chumas na n-iarrthóirí uile a gcuid gnóthachtála a léiriú.

Oiriúntais Réasúnta

Is féidir le hiarrthóirí a bhfuil riocht buan nó fadtréimhseach nó deacrachtaí sainiúla foghlama acu a chuirfeadh isteach go suntasach ar a gcuid inniúlachta sna scrúduithe, iarratas a dhéanamh ar an CSS ar oiriúntas réasúnta mar áis dóibh agus iad ag déanamh na scrúduithe. Tá beartas an CSS ar Oiriúntais Réasúnta bunaithe ar thorthaí Mheitheal Chomhairlitheach Shainiúil a rinne tuairisc ar na ceisteanna seo don Aire Oideachais agus Eolaíochta sa bhliain 2000.

Is é atá i gceist leis na hOiriúntais Réasúnta ná go laghdófaí, a mhéid is féidir é, an tionchar a bhíonn ag deacracht fhisiciúil nó foghlama ar fheidhmíocht iarrthóra agus go gcumasófaí sa tslí sin an t-iarrthóir chun a leibhéal gnóthachtála a léiriú. Níl sé i gceist go gcúiteoidís iarrthóir in easnamh gnóthachtála.

I roinnt cásanna, tharlódh go n-éireodh le hiarrthóir gnóthachtáil sa chuid is mó de na réimsí in ábhar, ach nach n-éireodh leis/léi iontu go léir. I gcásanna dá leithéid, féadfaidh an CSS díolúine nó tarscaoileadh a cheadú don iarrthóir i gcomhpháirt áirithe den scrúdú. I gcás iarrthóra a gceadaítear díolúine dó/di i gcomhpháirt áirithe, déantar an teastas a anótáil chun an chomhpháirt inar tugadh an díolúine a chur in iúl. Mar shampla, i gcás iarrthóra ar tugadh díolúine dó/di i gcomhpháirt chluastuisceana de scrúdú teanga, luafadh an teastas “go ndearnadh measúnú ar na gnéithe ar fad seachas an chomhpháirt chluastuisceana”.

Cuireann an CSS roinnt beart eile ar fáil mar áis d'iarrthóirí. Orthu seo tá, nuair is cuí, soláthar léitheoirí agus scríobhaithe, táirgeadh páipéar modhnaithe, páipéir Braille agus páipéir mhéadaithe, úsáid théipthaifeadán agus ríomhairí pearsanta, agus soláthar ionad scrúdaithe speisialta.

Is féidir achomhairc i dtaca le soláthar oiriúntas réasúnta a chur faoi bhráid Phainéal Neamhspleách Achomharc na nOiriúntas Réasúnta.

Sa bhliain 2003, ceadáodh oiriúntais réasúnta do 6,200 iarrthóirí, beagnach, sna scrúduithe teistiméireachta.

Fig 3.2: Oiriúntais Réasúnta

Cineál Oiriúntais	2002	2003
Téipthaifeadán	695	907
Cúnamh Léitheoireachta	1,364	1,938
Scríobhaí	173	241
Próiseálaí Focal	99	118
Páipéir Modhnaithe go Físiúil	123	127
Díolúine Chomhpháirte	39	44
Tarscaoileadh i Litriú/Gramadach	1,945	2,761
IOMLÁN	4,438	6,136

Cásanna Práinne le linn na Scrúduithe

Déanann an CSS a dhícheall chun na hiarrthóirí uile a éascú agus a chumasú chun na scrúduithe ar chuireadar isteach orthu a dhéanamh. Tarlaíonn sé gan choinne, de thoradh timpiste, báis nó tubaiste eile, nach mór socrúithe ar leith a dhéanamh do roinnt iarrthóirí nó do ghrúpaí iarrthóirí, ar fhógra an-ghearr de ghnáth. Ar na socrúithe seo atá i gceist, tharlódh go gcaithfí ionaid speisialta a chur ar fáil in ospidéal nó ionad speisialta a chur ar fáil laistigh de scoil.

Agus an riachtanas atá ann sláine na scrúduithe a chaomhnú, déanfaidh an CSS gach dícheall chun go bhféadfaidh iarrthóir scrúdú a dhéanamh ar an lá atá curtha síos dó ar an gclár ama. Mar shampla, i gcúinsí eisceachtúla, is féidir cead a thabhairt d'iarrthóir scrúdú a dhéanamh ag tráth níos déanaí ar an lá céanna ar an gcoinníoll go ndearnadh feitheoireacht ar an iarrthóir agus nach raibh sé/sí i dteagmháil le hiarrthóirí a rinne an scrúdú roimhe sin ná le daoine eile atá ar an eolas i dtaobh ábhar an pháipéir.

Cuirtear seirbhís theileafóin cheithre huairte a chloig fichead ar fáil do scoileanna agus d'iarrthóirí i rith tréimhse na scrúduithe chun déileáil le cásanna práinne dá leithéid. Tá an CSS buíoch as an gcúnamh a fhaigheann sé ó údarás scoileanna, ó fhoirne ospidéal agus ó fheitheoirí chun socrúithe a éascú i gcásanna speisialta.

I rith scrúduithe na bliana 2003 rinne an CSS soláthar speisialta agus socrúithe práinne do 50 iarrthóirí.

Foghlaim Fadsaoil

Tugann an CSS tacaíocht do sholáthar foghlama fadsaoil. San áireamh anseo, i measc na mbeart eile, tá constaicí airgeadais a ghlanadh trí dhíolúine a thabhairt i dtáillí scrúdaithe do shealbhoirí cártaí leighis. Tá rochtain oscailte ar na scrúduithe teistiméireachta, ar an gcoinníoll go gcomhlíonfaidh iarrthóirí riachtanais shonracha na n-ábhar agus na gclár éagsúil. Bunaítear ionaid scrúdaithe gach bliain le freastal ar iarrthóirí a iontrálann ar na scrúduithe ón taobh amuigh de phríomhshruth na scolaíochta.

Tá áthas ar an CSS tacaíocht a thabhairt don obair atá ar siúl ag an Roinn Oideachais agus Eolaíochta, an Scéim Deiseanna Oilíúna Gairme, na Scéimeanna Litearthacht do Dhaoine Fasta agus Oideachais Phobail, agus an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh chun seirbhísí oideachais a chur ar fáil d'fhoghlaimoírí fása agus dóibh siúd atá ag filleadh ar an oideachas.

I 2003, den 4,266 iarrthóir seachtrach san Ardeistiméireacht, bhí suas le 550 iarrthóir os cionn 23 bliain. Iontráladh suas le 2,500 iarrthóir ar na scrúduithe teistiméireachta i 2003 tríd an Scéim Deiseanna Oilíúna Gairme.

CAIGHDEÁN AGUS SLÁINE NA SCRÚDUITHE Á RÁTHÚ

Ceann de bhunaidhmeanna an CSS ná córas scrúduithe ar chaighdeán den scoth a sholáthar. Is é mian gach comhlacht scrúdaitheoireachta, agus an CSS féin san áireamh, a bheith i gceannas ar chóras atá glan ar fad ar earráidí. Aithnítear áfach i saol na scrúdaitheoireachta, gur mian a bheith ann seachas aidhm is féidir a chur i gcrích go hiomlán. Tá an CSS meáite ar mhínsagadh leanúnach a dhéanamh ar a chuid córas chun nach dtiocfaidh earráidí chun cinn, agus é ag cinntiú go bhfuil gnáthaimh shásúla i bhfeidhm chun teacht ar earráidí agus nach ndéantar éagóir ar iarrthóirí nuair a tharlaíonn a leithéidí.

Tá réimse gnáthamh i bhfeidhm ag an CSS chun iontaofacht a fheabhsú agus chun earráidí a laghdú. Mar chuid dhílis de chaomhnú leanúnach na n-ardchaighdeán, cuirtear dianbhearta i bhfeidhm ag gach céim den phróiseas chun an caighdeán a dheimhniú: ullmhú, forbairt agus dáileadh uirlisí tástála; oiliúint agus treoir don fhoireann ar conradh; aistriúchán, marcáil, torthaí; breathnú scrípteanna agus achomhairc.

Deimhnítear lánmhuinín as scrúduithe an stáit freisin trí aird ghéar a dhíriú ar chaomhnú na slándála agus na sláine. Is é a thús seo ná an rúndacht iomlán ar fad is gá ag gach céim de chóirí na scrúdpháipéar. Leathann sé ina dhiaidh sin trí na céimeanna clódóireachta, pacála agus dáileadh ar na hionaid agus go dtí an stóráil a dhéantar roimh na scrúduithe féin. Glactar céimeanna chun a dheimhniú go gcoinnítear an tslándáil san ionad scrúdaithe agus tríd an bpróiseas iomlán scrúdaitheoireachta. Leantar de seo i mbailiú agus i gcóimheas na marcanna agus sna próisis riaracháin ina dhiaidh sin go dtí eisiúint na dtorthaí. Tá gnáthaimh oiriúnacha i bhfeidhm chun slándáil agus sláine na measúnachtaí a dheimhniú, san obair chúrsa agus obair thionscnaimh mar shampla, nach ndéantar a riaradh trí scrúdaitheoireacht sceidealta. Deimhníonn an CSS trí chuireanna ar shuíomhanna, trí sheiceáil agus trí chigireacht nach gcuirtear sláine na scrúduithe i mbaol ar bhealach ar bith de dheasca rannpháirtíocht riachtanach tríú páirtithe, ar nós clódóirí iontaoibhe seachtracha.

Tá an CSS ar thús cadhnaíochta, go hidirnáisiúnta, san oscailteacht atá sa chóras scrúdaithe agus i ndéine na mbeart sa ráthú caighdeán atá bunaithe aige.

Bainisteoirí Scrúduithe agus Measúnachta

Comhlíonann na Bainisteoirí Scrúduithe agus Measúnachta (EAMs) ról lárnach maidir le ráthú caighdeán, laistigh den phróiseas scrúdaithe. Ina gcáilíocht mar Phríomhscrúdaitheoirí, tá freagracht iomlán orthu i gcaighdeán na scrúduithe agus i mbainistiú na foirne ar conradh a bhfuil baint acu le dréachtadh agus cóiriú scrúdpháipéar, agus iad siúd a bhfuil baint acu le gach céim den phróiseas scrúdaitheoireachta. Comhlíonann siad ról monatóireachta laistigh den chóras agus deimhníonn siad go gcloítear go hiomlán le rialacháin an CSS in ullmhú, i riaradh, i marcáil agus i bpróisis achomharc na scrúduithe.

Gné thábhachtach d'obair na EAMs is ea an taighde agus an forbairt ar cheisteanna measúnachta.



Ullmhú agus Forbairt na nUirlisí Tástála

Fig. 3.3: Na Céimeanna in Ullmhú Scrúdpháipéar

An Páipéar Scrúdaithe á Ullmhú – ó Dhréacht go Cló

Cén duine?	Cad é?
Príomhscrúdaitheoir	Tugann treoir don dréachtóir ar riachtanais agus ar shonraí an scrúdaithe
Dréachtóir	Soláthraíonn dréachtpháipéar de réir na sonraí a éilíodh
Príomhscrúdaitheoir agus Cóiritheoirí	Deimhníonn an dréachtpháipéar trí athbhreithniú de réir an tsíollabais, treoirlínte, ciorcláin, iarpháipéir agus scéimeanna marcála
Clóchuradóir	Ullmhaíonn 1ú profa den scrúdpháipéar
Príomhscrúdaitheoir	Cuireann 1ú profa faoi bhráid lucht ollscoile (An Ardteistiméireacht amháin)
Príomhscrúdaitheoir agus Cóiritheoirí	Athbhreithniú ar 1ú profa agus athruithe agus ceartúcháin riachtanacha a dhéanamh
Aistritheoir	Aistríonn profa an pháipéir go Gaeilge
Clóchuradóir	Ullmhaíonn 2ú profa de leagan Béarla an scrúdpháipéir agus 1ú profa den leagan Gaeilge
Príomhscrúdaitheoir agus Cóiritheoirí	Athbhreithniú ar 2ú profa den leagan Béarla agus athruithe agus ceartúcháin riachtanacha a dhéanamh
Príomhscrúdaitheoir agus Cóiritheoirí	Athbhreithniú ar 1ú profa den leagan Gaeilge agus athruithe agus ceartúcháin riachtanacha a dhéanamh
Eagarthóir Gaeilge	Soláthraíonn ráthú caighdeáin sna leaganacha Gaeilge
Clóchuradóir	Ullmhaíonn 3ú profa agus eile den leagan Béarla Ullmhaíonn 2ú profa agus eile den leagan Gaeilge
Eagarthóir Gaeilge	Soláthraíonn ráthu caighdeáin sna leaganacha Gaeilge
Príomhscrúdaitheoir agus Cóiritheoirí	Athbhreithniú ar phrofaí na leaganacha Gaeilge agus Béarla
Príomhscrúdaitheoir agus Cóiritheoirí	Clabhsúr ar an scrúdan réamhchló agus cuireann síniú leis
Clódóir	Cuireann na scrúdpháipéir i gcló
Príomhscrúdaitheoir agus Cóiritheoirí	Clabhsúr ar phróiseas iniúchta iarchló

Sna scrúduithe i 2003 ullmhaíodh suas le 250 uirlis thástála ar leith in 83 ábhar. Lárfeidhm de chuid an CSS is ea uirlisí measúnachta iontaofa agus bailí a tháirgeadh. Faoi mar a léiríodh, déantar scrúdpháipéir a tháirgeadh trí roinnt céimeanna ó dhréacht go cló. Ag gach céim, déantar an profa a tharchur agus a iompar slán agus déantar dianseiceáil air. Le déanaí, treisíodh ar an bpróiseas seo tuilleadh trí sheicliostaí atá cineálach agus ábhar-shonrach araon a thabhairt isteach, trí phróisis iniúchta réamhchló agus iarchló atá níos foirmiúla agus trí chlár oiliúna foirmiúla do chóiritheoirí, do chóiritheoirí cúnta, do dhréachtóirí agus d'aistritheoirí.

De thoradh athruithe ar an gclóchuradóireacht do scrúdpháipéir 2003 cuireadh feabhas ar an ráthú caighdeán agus bhí na próisis dréachtaithe agus profála níos éifeachtaí toisc gur féidir páipéir a bhogadh go leictreonach, agus níos tapúla dá bharr sin, idir an Aonad Páipéar Ceisteanna, na Príomhscrúdaitheoirí, na dréachtóirí agus na cóiritheoirí. Ón uair go raibh na scrúdpháipéir ar fáil go leictreonach foilsíodh ar lá an scrúdaithe féin iad ar shuíomh gréasáin an CSS i rith tréimhse na scrúduithe. Tá mínsagadh breise déanta ar an bpróiseas seo do na scrúduithe i 2004 trí chaighdeán Formáid Doiciméad Iniompartha (PDF) a thabhairt isteach don chlóchuradóireacht agus don phrofaíl ar fad.

Pacáil agus Dáileadh

Ní mór pacáil agus dáileadh na scrúdpháipéir a chur i gcrích in am do na scrúduithe scríofa ar cuireadh tús i mbliana leo Dé Céadaoin, 4 Meitheamh. Tá córas rialúchán insuite i bpróiseas pacála na scrúdpháipéir mar chosaint in aghaidh earráidí ar bith. Ráthaíonn roinnt beart eile caighdeán an phróisis. Déantar páipéir a phacáil i gclúdaigh léir-fhréagmhála atá códaithe de réir datha a thugann le fios cé acu seisiún maidine nó tráthnóna atá i gceist leo. Is gá go síneodh beirt iarrthóirí, i ngach ionad scrúdaithe, an lipéad sula n-oscálfear é chun a dhearbhu nár baineadh leis an bpacáiste agus go gcuireann an lipéad ar an bpacáiste na scrúdpháipéir chearta don seisiún in iúl. Ní mór ansin d'fheithoirí na n-ionad scrúdaithe a dheimhniú go ndéantar na páipéir cheisteanna chearta a dháileadh ar na hiarrthóirí.

Tá sé riachtanach ar fad go gcoinneofaí rian ar dhul chun cinn an 2 mhilliún earra a ghabhann tríd an gcóras gach bliain. Tá córas ardforbartha rian-agus- lorg i bhfeidhm ag

an CSS, agus baintear úsáid as barrachóid chun gur féidir monatóireacht a dhéanamh ar earraí tríd an gcóras poist. Baintear úsáid as rian-agus-lorg freisin chun monatóireacht a dhéanamh ar sheoladh ar ais na scrípteanna scrúduithe as ionaid scrúdaithe chuig an CSS agus ar ghluaiseacht na scrípteanna scrúduithe ina dhiaidh sin i rith na marcála, an bhreathnaithe ar scrípteanna marcáilte agus i rith na bpróiseas achomharc.

Feithoirí agus Ionaid Scrúdaithe

Sa bhliain 2003, fostaíodh 4,623 duine mar fheithoirí san iomlán, i 4,614 ionad scrúdaithe. I rith tréimhse na scrúduithe bíonn sláine phróiseas na scrúduithe, cuid mhór, ag brath ar an gcaoi a gcuireann feithoirí na tascanna atá ceaptha dóibh i gcrích. Is ról fíorthábhachtach é agus chomhlíon na mílte feithoir é i gcaitheamh na mblianta le barr feabhais, le scil agus le dúthracht. Nuair a cheaptar iad, faigheann na Feithoirí leabhrán *Treoracha d'Fheithoirí*, ina rianaítear na dualgais agus na gnáthaimh atá i gceist, chomh maith le leabhrán *Treoracha ó Lá go Lá*, a thugann miontreoracha do gach seisiún scrúdaithe.

Tá físeán oiliúna ar fáil ón CSS d'fheithoirí nua, a rianaíonn ról agus freagrachtaí feitheora. Le linn na scrúduithe, tugann Bainisteoirí Scrúduithe agus Measúnachta cuairt ar na hionaid scrúdaithe chun monatóireacht a dhéanamh ar riaradh na scrúduithe agus chun deimhin a dhéanamh de go bhfuiltear ag cloí leis na rialacháin.

An Próiseas Marcála

Scrúdaitheoirí cúnta (múinteoirí bunaithe san ábhar de ghnáth) a mharcálann na scrúduithe, agus oibríonn siad seo faoi stiúir agus faoi bhainisteoireacht iomlán Bhainisteoir Scrúduithe agus Measúnachta. Ceaptar meitheal, ar a bhfuil Príomhscrúdaitheoirí Comhairleach agus roinnt Scrúdaitheoirí Comhairleacha, chun monatóireacht a dhéanamh agus comhairle a chur ar na scrúdaitheoirí cúnta ina gcuid oibre.

Tástálann an Príomhscrúdaitheoir agus an mheitheal chomhairlitheach an dréachtscéim mharcála ag réamhchomhdháil dhá lá. I rith na réamhchomhdhála, déantar breithniú ar an dréachtscéim mharcála agus na tuairimí agus an comhfhreagras ó mhúinteoirí, ó chomhlachtaí próifisiúnta agus ó pháirtithe leasmhara eile á gcur san áireamh, sula gcuirear i bhfeidhm í ar ábhar eiseamláireach ó obair na n-iarrthóirí.



I gcás na hArdeistiméireachta, freastalaíonn scrúdaitheoirí cúnta ar chomhdháil oiliúna dhá lá sula dtosaíonn an mharcáil. Déantar comhdhálacha an Teastais Shóisearaigh a thionól de ghnáth in imeacht aon lae. Baineann an próiseas oiliúna le húsáid eiseamláirí ó obair na n-iarrthóirí ar mhaithe le cuspóirí caighdeánaithe agus le cuspóirí oiliúna na Scrúdaitheoirí Cúnta i bhfeidhmiú comhsheasmhach na scéime marcála.

Déantar sampláil randamach le linn na gcéimeanna luatha den mharcáil agus tá feidhm réamhfháistineach agus dhiagnóiseach araon leis seo. Is é atá i gceist sa phróiseas seo ná marcáil a dhéanamh ar 20 nó 40 script a roghnaítear go randamach ó gach scrúdaitheoir cúnta. Tar éis na marcála ar an sampla, tionóltar comhdháil iarmharcála, agus déanann an mheitheal chomhairlitheach, faoi stiúir an Phríomhscrúdaitheora, anailís ar thoradh na marcála ar an sampla randamach. Tharlódh de thoradh na hanailíse seo go ndéanfaí athruithe nó soiléirithe ar an scéim mharcála. A luaithe atá an scéim mharcála socraithe, téann an mharcáil chun cinn, ag brath ar dhianmhnatóireacht leanúnach ar an bpróiseas.

Foilsítear na scéimeanna marcála i ngach ábhar Ardeistiméireachta go luath tar éis eisiúint na dtorthaí scrúdaithe agus chun tosaigh ar bhreathnú na scrípteanna ag na hiarrthóirí. Eisítear iad seo chuig gach scoil agus is féidir iad a íoslódáil ó shuíomh gréasáin an CSS. Foilsítear scéimeanna marcála an Teastais Shóisearaigh ar an suíomh gréasáin.

Ba ghá 6,033 scrúdaitheoirí i 2003 i scrúduithe an Teastais Shóisearaigh agus na hArdeistiméireachta. Díobh seo, scrúdaigh breis bheag agus 1,000 obair phraiticiúil agus thionscnaimh san Ardeistiméireacht agus sa Teastas Sóisearach agus scrúdaigh 1,229 an chomhpháirt chainte in ábhair theanga na hArdeistiméireachta.

Monatóireacht ar an bPróiseas Marcála

Gné bhunriachtanach den phróiseas marcála í an mhnatóireacht leanúnach chórasach. Tá an mhnatóireacht dírithe ar gach Scrúdaitheoir Cúnta a chumasú chun an scéim mharcála chomhaontaithe a chur i bhfeidhm le comhsheasmhacht agus go baileach ar na scrípteanna go léir.

Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar íosmhéid 5% de na scrípteanna atá marcáilte ag gach Scrúdaitheoir Cúnta, le linn na marcála. Tá Scrúdaitheoirí Comhairleacha ar fáil freisin do na Scrúdaitheoirí Cúnta chun comhairleoireachta agus comhairle i rith na tréimhse marcála ar fad.

Gníomhaíochtaí Oibríúcháin

Bíonn fócas leanúnach ar shimpliú agus ar mhínscaigh a dhéanamh ar na gnáthaimh, na foirmeacha agus an fhaisnéis eile a chuirtear ar fáil dár gcustaiméirí agus a bhailítear uathu. Cuireadh feabhas ar an ngnáthamh chun leibhéal ábhar na n-iarrthóirí a shainiú do scrúduithe 2003 chun faisnéis níos cruinne a sholáthar ar líon na scrúdháipéar a bhí ag teastáil.

Aistríodh gníomhaíochtaí oibríúcháin áirithe a bhíodh á gcur i gcrích ag an aonad IT chuig na réimsí oibríúcháin. Fágann sé seo go bhfuil smacht ar an toirt ag an bhfoireann sna réimsí seo ar oibríúcháin agus ar sceidealú na ngníomhaíochtaí seo.

Tá sainmheon na solúbthachta agus obair foirne ina ndlúthchuid den chóras scrúdaithe. Mar a tharla blianta eile, chuir an eagraíocht í féin in oiriúint sa tréimhse roimh na scrúduithe agus i gcaitheamh tréimhse na scrúduithe féin sa Mheitheamh chun déileáil le héilimh bhreise.

Próiseas na dTorthaí

Tarlaíonn próiseas na dtorthaí in imeacht tréimhse an-ghearr idir bailchríoch na marcála agus eisiúint na dtorthaí. Is é atá i gceist ná cóimheas na marcanna ar gach comhpháirt d'ábhar chun grád a bhaint amach, agus cóimheas na ngrád ina dhiaidh sin do gach ábhar chun sraith torthaí scrúdaithe a bhaint amach do gach iarrthóir. Baineann an CSS úsáid as córais theicneolaíochta faisnéise ardforbartha chun a dheimhniú go ndéantar seiceáil chuimsitheach ar an bpróiseas torthaí. Deimhníonn naisc laistigh den chóras IT go mbítear ag súil le marc ar gach comhpháirt de scrúdú ar iontráladh iarrthóir air. Deimhníonn eochrú faoi dhó ar na marcanna scrúdaithe ar fad gur fearr a aimsítear earráidí.

Cuirtear ráiteas forlíontach nó breise ar fáil in éineacht le torthaí sealadacha iarrthóra i gcás ar bith a bhfuil creidiúint do chomhpháirt riachtanach in easnamh i dtoradh áirithe ar ábhar ilchomhpháirteach. Ligeann sé seo don iarrthóir agus dá scoil iad féin a shásamh gur cuireadh gach comhpháirt den scrúdú a rinne an t-iarrthóir san áireamh agus an grád deireanach á chinneadh aige/aici.

I scrúduithe na bliana 2003 ba ghá 1.8 milliún marc comhpháirte a thairfeadh ar eisíodh breis bheag agus 1 mhilliún grád dá bharr. Eisíodh torthaí sealadacha scrúdú Ardeistiméireachta na bliana seo Dé Céadaoin, 18 Lúnasa 2003 agus eisíodh torthaí sealadacha an Teastais Shóisearaigh Dé Céadaoin, 13 Meán Fómhair 2003.

Breathnú ar Scrípteanna

Tugtar deis d'iarrthóirí i scrúdú na hArdeistiméireachta breathnú ar a gcuid scrípteanna marcáilte féin tar éis phróiseas na marcála tosaigh. Ligeann an breathnú d'iarrthóirí iad féin a shásamh gur cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar a gcuid oibre agus, i dteannta feabhas a chur ar an bhfollasacht, is é atá i gceist leis go gcuideofaí le hiarrthóirí chun cinneadh a dhéanamh faoi achomharc in ábhar nó in ábhair.

Bhí scrúduithe stáit na hÉireann ar cheann de na chéad chórais scrúdaitheoireachta náisiúnta a chuir an beart seo i bhfeidhm, agus á chur sin san áireamh in éineacht le foilsíú na scéimeanna marcála, fágann sé an CSS ar thús cadhnaíochta go hidirnáisiúnta i dtéarmaí oscailteachta, follasachta agus cuntasachta an chórais scrúdaithe.

Déanann Bainisteoirí Scrúduithe agus Measúnachta monatóireacht ar na hionaid bhreathnaithe chun a dheimhniú go bhfuil an próiseas breathnaithe ag teacht go hiomlán leis na rialacháin dochta atá i bhfeidhm. Chun sláine an phróisis a chosaint is é an feitheoir eagrúcháin amháin an t-aon duine a bhfuil cead aige/aici ábhar nó uirlis scríbhneoireachta a thabhairt isteach san ionad breathnaithe, nó chun scrípteanna a bhogadh ón ionad.

Gníomh suntasach eagrúcháin is ea an tseirbhís seo a chur i bhfeidhm, agus tá sí ar fáil saor in aisce d'iarrthóirí. Tar éis eisiúint na dtorthaí do Scrúdú na hArdeistiméireachta i 2003, seoladh 270,000 scrípteanna marcáilte ar ais chuig na hionaid scrúdaithe don bhreathnú a seoladh ar an 29 agus an 30 Lúnasa, 2003.

An Próiseas Achomharc

Is é atá i gceist leis na gnáthaimh a cuireadh i bhfeidhm don phróiseas marcála ná earraídí marcála a chealú agus an iontaofacht is mó ar fad sa mheasúnú a chinntiú. Ainneoin na ngnáthaimh seo, áfach, ní féidir a bheith lánchinnte go huile is go hiomlán go mbronntar an marc/grád ceart le linn phróiseas na marcála i ngach cás. Is bearta breise fós i ráthú an chaighdeáin iad an próiseas breathnaithe agus an próiseas achomharc chun aon éagóir a mheastar a bheith déanta agus na hearraídí féin a rinneadh a chur ina gceart.

Tar éis scrúduithe 2003, rinneadh achomharc in aghaidh 12,000 den 1,005,800 toradh sealadach a eisíodh chuig iarrthóirí. Díobh seo, rinneadh uasghrádú i 2,700 toradh amháin.

Ba chóir a mheabhrú go bhfuil éagsúlacht shuntasach idir an córas grádaithe a fheidhmítear san Ardeistiméireacht agus na córais ghrádaithe a úsáidtear do scrúduithe i ndlínsí eile. Baineann an grádú i ndlínsí eile le mórghráid amháin de ghnáth, ach de réir an chórais ghrádaithe atá i bhfeidhm don Ardeistiméireacht is féidir na mórghráid a roinnt ina bhfo-ghráid. Dá bhrí sin, in áit grádú a dhéanamh i gcúig mhórghrád mar a dhéantar mar shampla, sna A Leibhéal i Sasana, sa Bhreatain Bheag agus i dTuaisceart Éireann, déanann an CSS grádú i 14 fo-roinn (A1, A2, B1, B2, B3 etc.) don Ardeistiméireacht. Cé go gcuireann na fo-ranna breis sonraí agus eolais ar fáil d'iarrthóirí agus d'úsáideoirí na dteastas, is féidir breis earraídí a dhéanamh leis an struchtúr grádaithe seo. Tá an CSS muiníneach áfach, i mbailíocht agus in iontaofacht na dtorthaí scrúduithe, ag cur san áireamh go bhfuil dianbhearta i bhfeidhm maidir le deimhniú cáilíochta, go bhfuil deis ag iarrthóirí breathnú ar a scrípteanna marcáilte, go bhfoilsítear na scéimeanna marcála agus go bhfuil próiseas achomharc ann.

Is é an bunphrionsabal atá mar bhonn leis an marcáil achomhairc go ndéanann scrúdaitheoir eile athmharcáil iomlán ar script achomhairc de réir an scéim mharcála chomhaontaithe. Agus é seo á dhéanamh aige/aici, is é bundualgas an Scrúdaitheora Achomhairc ná measúnú a dhéanamh ar bhailíocht an bhreithiúnais a rinneadh sa bhunmharcáil chun a dheimhniú gur feidhmíodh an scéim mharcála go comhsheasmhach agus go cothrom ar obair an iarrthóra. Dá réir sin, ní hamhlaidh a bhíonn scrúdaitheoirí achomhairc ag lorg marcanna breise “chun iarrthóir a thabhairt ar aghaidh go dtí an chéad ghrád eile”.



I ngach cás ina mbronntar marc leasaithe, cuirtear na fáthanna atá leis ar taifead. Éascaíonn sé seo an mhonatóireacht ar an bpróiseas achomharc agus tá sé ar fáil freisin don iarrthóir ag an gcéim bhreathnaithe iar-achomhairc.

Ar na gnáthaimh atá i bhfeidhm ag céim an achomhairc tá siad seo a leanas:

- An deis d'iarrthóirí a scrípteanna a bhreathnú agus gach gné den bhunmharcáil a chur ar aird an Scrúdaitheora Achomhairc
- Soláthar d'oiliúint bhreise do na scrúdaitheoirí go léir a bhfuil baint acu leis an bpróiseas achomharc
- Ceapadh Chomhairleoirí Achomhairc chun monatóireacht a dhéanamh ar íosmhéid 20% d'obair gach Scrúdaitheora Achomhairc
- Ceapadh Phríomhscrúdaitheora Achomhairc in ábhair ina bhfuil breis agus 300 achomharc
- An Príomhscrúdaitheoir ag coimeád rian cúramach ar an gcomhfhreagras maidir le hachomhairc
- Sampláil randamach agus athmharcáil ó bhonn ar obair iomlán scrúdaitheoirí áirithe nuair a thagann ábhair bhuartha chun cinn agus go mbíonn bunús leo sin de réir na fianaise ón athmharcáil achomhairc

Tá an CSS meáite ar na caighdeáin is airde a choinneáil ag gach céim. I gcás go gcruthaíonn an t-achomharc ábhair bhuartha maidir le comhsheasmhacht na marcála ag an scrúdaitheoir tosaigh, tá bearta breise i bhfeidhm chun a dheimhniú go ndéantar grádú cruinn ar scrípteanna an iarrthóra atá i gceist. Is féidir go ndéanfaí athmharcáil ar na scrípteanna go léir a bheadh dáilte ar scrúdaitheoir cúnta áirithe. Más gráid níos airde d'iarrthóirí an toradh a bhíonn ar a leithéid de mharcáil, bronntar na gráid sin, pé acu an ndearna nó nach ndearna na hiarrthóirí sin achomharc ar an gcéad dul síos.

Iníúchóirí Neamhspleácha Achomharc

Gné bhreise eile den tsraith feabhsúcháin a rinneadh le blianta beaga ná Iníúchóirí Neamhspleácha Achomharc a thabhairt isteach. Tá siad seo neamhspleách ar an CSS agus is í an fheidhm atá acu ná a dheimhniú gur cloíodh leis an bpróiseas atá dlite i gcás gach achomhairc. Tá sé de chumhacht ag Iníúchóirí Achomharc na doiciméid ar fad i dtaca le hachomharc a iarraidh chun a dheimhniú gur cuireadh na gnáthaimh i gcrích i gceart. Agus iarratas á chur faoi bhráid Iníúcháirí Achomharc, tá an rogha ag iarrthóirí breathnú ar scrípt athmharcáilte agus, i ndiaidh an bhreathnaithe sin, tuairimí ar bith is maith leis/léi ar rud ar bith sa scrípt a chur in iúl mar chuid den phróiseas iarratais chuig an Iníúchóirí Achomharc. Ar deireadh thiar, is féidir le hiarrthóirí, gan amhras, ceist ar bith a bhaineann le riaradh phróiseas na n-achomharc a chur faoi bhráid Oifig an Ombudsman.

Sárú na Rialachán

Níl aon dul as, agus scála scrúduithe an stáit á chur san áireamh, go ndéanfar líomhaintí maidir le neamhrialtachtaí ó am go ham. San áireamh anseo, mar shampla, bheadh líomhaintí maidir le cóipeáil, ceisteanna maidir le barántúlacht, fíorú nó pearsanú, gan a bheith ag cloí le rialacháin nó ábhar bunfhoinsé míchuí a úsáid in obair pórtfóilíó.

Ní mór don CSS a bheith sásta, ar mhaithe le cothromas idir-iarrthóirí gur go cothrom a gnóthaíodh marcanna a bronnadh ar iarrthóirí. Tá treisiú déanta ar an ngá atá le bearta cuí chun barántúlacht na hoibre a cuireadh isteach a dheimhniú, toisc go bhfuil méadú tagtha ar an ngné obair chúrsa, agus tionscnaimh agus pórtfóilíónna san áireamh ansin. Seoladh ciorcláin chuig scoileanna ar an gceist seo agus tá bearta sainiúla curtha i bhfeidhm chun neamhrialtachtaí a aimsiú.

Déanfaidh an CSS fiosrú iomlán cuimsitheach maidir le leid, amhras nó líomhain ar bith faoi iompar míchuí a bhaineann leis na scrúduithe. Is féidir go gcuirfí roinnt smachtbhannaí i bhfeidhm i gcás líomaintí a cruthaíodh. Orthu seo d'fhéadfaí toradh san ábhar atá i gceist a choinneáil, nó an toradh sa scrúdú iomlán a choinneáil ó iarrthóirí, nó iarrthóir a

dhícheadú ó iontráil ar scrúduithe stáit ar bith ar feadh tréimhse sonraithe.

Tar éis na hArdteistiméireachta i mbliana, ba ghá 30 grád in ocht réimse ábhar a choinneáil siar: Tíreolaíocht, Matamaitic, Fraincis, Stair, Gaeilge, Bitheolaíocht, Nascmhodúil agus LCA. Ina theannta sin, coinníodh siar 7 dtoradh i scrúduithe indibhidiúla an Teastais Shóisearaigh i 4 réimse ábhar: Stair, Gaeilge, Mata agus Oideachas Sibhialta, Sóisialta agus Polaitiúil. Coinníodh na gráid tar éis fiosrúchán cuimsitheach a dhéanamh, agus tar éis teagmháil a dhéanamh leis na scoileanna agus leis na hiarrthóirí a bhí i gceist. Thug sé seo deis do na hiarrthóirí freagra a thabhairt ar na ceisteanna a ardaíodh. Is féidir achomharc a dhéanamh i gcás torthaí a choinnítear siar.

Tugadh isteach cionta coiriúla a bhaineann le scrúduithe an stáit, faoin Acht Oideachais, 1998. Tá cóip de na forálacha a bhaineann le hábhar anseo thíos.

AN TACHT OIDEACHAIS, 1998. CUID VIII, CIONTA.

Alt 52

(1) Aon duine –

- (a) a dhéanfaidh, go feasach agus gan údarás dleathach, páipéar scrúdaithe nó cuid de pháipéar den sórt sin a fhoilsíú d'aon duine eile roimh sheoladh an scrúdaithe lena mbaineann,
- (b) a mbeidh ina sheilbh nó ina seilbh, gan údarás dleathach, páipéar scrúdaithe nó cuid de pháipéar den sórt sin roimh sheoladh an scrúdaithe lena mbaineann,
- (c) a chomhallfaidh aon dualgais a bhaineann le hullmhú páipéar scrúdaithe agus a dhéanfaidh, go feasach agus gan údarás dleathach, faisnéis a bhaineann leis an ábhar a bheidh ullmhaithe aige nó aici i gcúrsa na ndualgas sin a chur ar fáil d'iarrthóirí le haghaidh scrúdú nó d'aon duine eile, le hintinn buntáiste a thabhairt d'iarrthóir ar iarrthóirí eile,
- (d) a dhéanfaidh, go feasach agus go toiliúil, marcanna níos airde a thabhairt d'iarrthóir ná na marcanna a raibh an t-iarrthóir sin ina dteideal, le hintinn buntáiste a thabhairt don iarrthóir sin ar iarrthóirí eile,
- (e) a dhéanfaidh, go feasach agus go mailíseach, marcanna níos ísle a thabhairt d'iarrthóir ná na marcanna a raibh an t-iarrthóir sin ina dteideal,

- (f) a phearsanóidh iarrthóir ag scrúdú nó a cheadóidh do dhuine nó a chabhróidh le duine, go feasach, iarrthóir a phearsanú ag scrúdú,
- (g) a dhéanfaidh, go feasach agus go mailíseach, aon ábhar a bhaineann le scrúdú a scriosadh nó a dhamáistiú,
- (h) a dhéanfaidh, go feasach agus go mailíseach, bac a chur ar aon iarrthóir nó ar dhuine atá ag gabháil do sheoladh scrúdaithe nó a chuirfidh isteach ar shlí eile ar sheoladh ginearálta scrúdaithe,
- (i) a athróidh, go feasach agus gan údarás dleathach, aon teastas nó aon taifead eile, lena n-áirítear taifead i bhfoirm mheaisín-inléite, ina bhfuil torthaí scrúdaithe, nó
- (j) a eiseoidh nó a úsáidfidh, go feasach, aon teastas nó doiciméad eile a airbheartóidh gur doiciméad é arna eisiúint ag an duine nó ag an gcomhlacht ar faoina údarás nó faoina húdarás a seoladh an scrúdú agus go bhfuil torthaí scrúdaithe ann, agus fíor aige nó aici go bhfuil na torthaí sin bréagach,

beidh sé nó sí ciontach i gcion.

- (2) Aon duine a dhéanfaidh, go feasach, cabhrú nó neartú le duine eile nó comhairle a thabhairt d'aon duine nó tabhairt ar aon duine cion faoi fho-alt (1) a dhéanamh, nó a dhéanfaidh go feasach comcheilg le duine eile chun aon chion den sórt sin a dhéanamh, beidh sé nó sí ciontach i gcion.
- (3) Aon duine a bheidh ciontach i gcion faoin alt seo, dlífeair –
 - (a) ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil nach mó ná £1,500 nó (de rogha na cúirte) príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná sé mhí, nó an fhíneáil sin agus an phríosúnacht sin le chéile, a chur air nó uirthi, nó
 - (b) ar é nó í a chiontú ar díotáil, fíneáil nach mó ná £5,000 nó (de rogha na cúirte) príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná dhá bhliain, nó an fhíneáil sin agus an phríosúnacht sin le chéile, a chur air nó uirthi.
- (4) Ní bheidh aon ábhar caingne ann in aghaidh scrúdaitheora i leith aon ní a dhéanfaidh sé nó sí de mheon macánta agus de bhun a fheidhmeanna nó a feidhmeanna mar scrúdaitheoir.

Caibidil 4: Maoiniú agus Freagracht

MAOINIÚ

Tagann an chuid is mó de mhaoiniú an CSS trí Vóta na Roinne Oideachais agus Eolaíochta. Bailítear an fuílleach i dtáillí ó iarrthóirí. Ba é an costas iomlán a bhain le riaradh na scrúduithe, agus tuarastail foirme agus costais riaracháin san áireamh, i gcaitheamh na tréimhse 1 Eanáir, 2003 go dtí 31 Nollaig, 2003 ná €47 milliún, ar bailíodh €7.3 milliún de i dtáillí.

Is iad na costais reatha is mó a bhaineann leis na scrúduithe na táillí a íoctar le feitheoirí, scrúdaitheoirí, dréachtóirí agus cóiritheoirí, agus na costais a bhaineann leo i dtaisteal agus i gcothabháil. Tá costais suntasach ag baint freisin le clódóireacht, pacáil agus postas na n-ábhar scrúdaithe. Cuirtear ábhair scrúdaithe, iarpháipéir, téipeanna cluastuisceana, scéimeanna marcála etc, ar fáil saor in aisce do scoileanna agus d'iarrthóirí i bhformáidí éagsúla ar a n-áirítear páipéar, téip, cd-rom agus ar ár suíomh gréasáin.

Táillí Scrúdaithe

Gearrtar táillí ar na scrúduithe a dhéanamh agus ar achomharc a dhéanamh sna torthaí. Íoctar na táillí ar ais leo siúd a n-éiríonn leo san achomharc.

Ba iad na táillí do scrúduithe 2003:

An Ardeistiméireacht (na cláir go léir)	€76
An Ardeistiméireacht an Athuair	€199
An Teastas Sóisearach	€72

Táillí Achomhairc (ar an ábhar)

An Ardeistiméireacht	€33
An Ardeistiméireacht Fheidhmeach	€13
An Teastas Sóisearach	€26.50

Gearrtar rátaí táillí scrúdaithe níos ísle ar iarrthóirí seachtracha nó VTOS atá ag déanamh dhá ábhar nó níos lú sa scrúdú. Gearrtar táille €12.50 chun ráiteas deimhnithe torthaí scrúdaithe breise a chur ar fáil.

Faigheann iarrthóirí díolúine i dtáillí scrúduithe a íoc má tá cárta leighis bailí acu féin, nó ag a dtuismitheoirí nó ag a gcaomhnóirí. I 2003, bhí díolúine ag 29,628 iarrthóir san

iomlán, nó beagnach 25% den chohórt iomlán scrúdaithe, i dtáillí scrúdaithe a íoc.

Tá an tseirbhís bhreathnaithe ar scrípteanna marcáilte saor in aisce d'iarrthóirí.

CUNTASACHT

Seasann an CSS leis na caighdeáin is airde oscailteachta agus cuntasachta. Lena chois sin, tá freagracht ar an CSS a dheimhniú go gcaitear na cistí poiblí agus na táillí a bhailítear ar an mbealach is fearr ar fad, agus go dtugtar luach airgid i ngach gné dá chuid oibriúcháin.

Tugann an CSS cuntas ar a fheidhmíocht mar seo a leanas:

An tAire Oideachais agus Eolaíochta

Ní mór don CSS tuarascáil bhliantúil ar a chuid gníomhaíochtaí i rith na bliana roimhe a chur faoi bhráid an Aire Oideachais agus Eolaíochta. Chomh maith leis sin, ní mór dó tuairiscí eile dá leithéid a dhéanamh don Aire ar iarratas ón Aire.

An tArdreachtair Cuntas agus Ciste

Ní mór cóip de na cuntais bhliantúla ioncaim agus caiteachais, a choinnítear de bhun Alt 28 de Shainordú Choimisiúin na Scrúduithe Stáit (Bunú), 2003, a chur faoi bhráid an Ardreachtair Cuntas agus Ciste lena n-íniúchadh taobh istigh de shé mhí i ndiaidh na tréimhse cuntasáochta a mbaineann siad leis. Ní mór an chéad tuarascáil dá leithéid a dhéanamh tráth nach déanaí ná Meitheamh 2004.

Coiste na gCuntas Poiblí

Is é Príomhfheidhmeannach an CSS an tOifigeach Cuntasáochta do chuntais leithghabhála na seirbhíse chun críche na nAchtanna Stáitchiste agus Iníúchóireachta, 1866 agus 1921, agus an tAcht um Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Is féidir go n-iarrfaí ar an Oifigeach Cuntasáochta teacht i láthair Choiste na gCuntas Poiblí chun plé le ceisteanna a bheadh ardaithe ag an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.

Achtanna Eitice in Oifig Phoiblí, 1995 agus 2001

Ní mór do na hoifigigh go léir ag leibhéal Príomhoifigeach agus os a chionn, chomh maith le hoifigigh áirithe eile, atá gafa, mar shampla, le cinní soláthair, Ráiteas Leasa a dhéanamh go bliantúil faoi na hAchtanna sin.

Iniúchadh Inmheánach

Faoi mar atá ráite cheana, faigheann an CSS an chuid is mó dá mhaoiniú trí Vóta na Roinne Oideachais agus Eolaíochta. I láthair na huaire, is ar Aonad Iniúchtóireachta Inmheánach na Roinne atá an fhreagracht in iniúchadh inmheánach an CSS. Le himeacht aimsire, féadfaidh an CSS féin glacadh leis an bhfreagracht ina iniúchadh inmheánach neamhspleách féin.

Soláthar

Is í an tairiscint iomaíoch an gnáthamh i bpróiseas an tsoláthair de ghnáth san CSS. Feidhmítear na mionghnáthaimh soláthair maidir le tairiscintí iomaíocha, mar atá siad leagtha amach sa Leabhrán Soláthar Poiblí (1994) agus sna treoracha ón AE a bhaineann le hábhar.

OSCAILTEACHT AGUS FOLLASACHT

Tá an CSS tiomanta do chóras scrúdaithe oscailte agus follasach. Chun na críche seo, tá roinnt beart curtha i bhfeidhm aige, a bhfuil cur síos cuibheasach mion orthu i gcaibidlí eile roimhe seo. Ina theannta sin, tá sé mar cheart ag iarrthóirí achomharc a dhéanamh le roinnt comhlachtaí neamhspleácha faoi chinní de chuid an CSS.

Is iad na bearta atá i bhfeidhm mar bhonn leis an tiomantas seo do chóras scrúdaithe oscailte agus follasach:

- An deis a bheith ag ionadaithe ollscoileanna tuairimí a nochtadh ar scrúdpháipéir na hArdteistiméireachta sula gcuirtear clabhsúr orthu
- An deis a bheith ag comhlachtaí neamhspleácha, ar nós na gcumann ábhar agus eile, a dtuairimí a thabhairt ar na scrúdpháipéir sula gcuirtear clabhsúr ar na scéimeanna marcála
- Foilsiú na scéimeanna marcála
- Foilsiú Thuairiscí na bPríomhscrúdaitheoirí

- Foilsiú na scrúdpháipéar lá an scrúdaithe féin ar an suíomh gréasáin
- An deis a bheith ag gach iarrthóir Ardteistiméireachta breathnú ar a scipteanna scrúdaithe marcáilte
- An deis a bheith ag gach iarrthóir achomharc a dhéanamh faoina gcuid torthaí
- An deis a bheith ag gach iarrthóir Ardteistiméireachta breathnú ar a scrípteanna achomhairc marcáilte
- An deis a bheith ag gach iarrthóir achomharc a dhéanamh le hIniúchóirí Neamhspleácha Achomharc, arb é an fheidhm atá acu a dheimhniú gur cloíodh le próis chúí
- An deis a bheith ag iarrthóirí achomharc a dhéanamh le Painéal Achomharc Neamhspleách na nOiriúntas Réasúnta má tá siad míshásta le cinneadh ón CSS maidir le hoiriúntais réasúnta a chur ar fáil
- An ceart a bheith ag gach iarrthóir uiríll a dhéanamh chuig Oifig an Ombudsman

Caibidil 5: Ról an CSS i bhForbairt Mhódúlachtaí Measúnachta

Tá freagracht reachtúil ar an CSS i mbainistiú agus in oibriúchán na scrúduithe stáit. Le linn dó a chuid oibre a dhéanamh, bíonn baint ag an CSS le réimse leathan eagraíochtaí agus comhlachtaí ionadaíocha. Orthu seo tá an Roinn Oideachais agus Eolaíochta, an Chomhairle Náisiúnta Churaclaim agus Measúnachta (NCCA), an Lár-Oifig Iontrála, an earnáil tríú leibhéal, comhlachtaí bainistíochta scoileanna, ceardchumann múinteoirí, príomhoidí, tuismitheoirí, iarrthóirí, na meáin agus an pobal i gcoitinne.

Baineann suntas ar leith leis an idirghníomhaíocht idir an CSS, an Roinn Oideachais agus Eolaíochta agus an NCCA, agus na rólanna agus na freagrachtaí reachtúla ar leith atá ar gach eagraíocht díobh á gcur san áireamh. Tá an Roinn freagrach i gceapadh beartas maidir leis an oideachas agus leis an measúnacht ar bhonn náisiúnta, agus tá feidhm reachtúil ag an NCCA comhairle a chur ar an Aire maidir le gach ceist a bhaineann le curaclam agus measúnacht.

Tá ionadaíocht ag an CSS ar Ardchomhairle an NCCA agus ar na coistí cúrsa éagsúla. Is féidir breis eolais a fháil maidir le hoibriúchán na gcoistí seo agus maidir leis an bpróiseas forbartha siollabais agus curaclam ón NCCA.

Tá sé riachtanach i gcás an CSS go gcoimeádfáí bonn ar bhonn leis na forbairtí nua agus leo sin atá ag teacht chun cinn i gcúrsaí scrúduithe agus measúnachta agus go ndéanfaí moltaí i dtaca le luach na bhforbairtí seo i gcomhthéacs scrúduithe na hÉireann. Dá bhrí sin is tosaíocht don CSS é go ndéanfaí forbairt ar thaighde inmheánach agus ar inniúlachtaí forbartha. Tá meitheal oibre bunaithe atá freagrach i mbunú na struchtúr inmheánach cuí. Tá sé beartaithe an clár taighde agus forbartha a chur i bhfeidhm ar bhonn céimnithe.

Beidh ról freisin ag an CSS i mbreithniú agus in anailís a dhéanamh ar pháipéir taighde agus ar pháipéir phlé a fhoilsítear ar nós, mar shampla, *Grading in the Leaving Certificate* a d'fhoilsigh an tIonad Taighde Oideachais. Cuireann an pháipéar seo, leis an Dr Thomas Kellaghan agus an Dr David Millar, na ceistanna a bhaineann le grádú san Ardteistiméireacht i gcomhthéacs. Tá aithbhreithniú ar *Grading in the Leaving Certificate*, idir lámha ag grúpa fócais inmheánach. Tá a thuairisc ar a chuid moltaí le bheith foilsithe ag an ngrúpa i lár 2004.

Tá sé riachtanach go mbeadh aird i gcónaí ar thaighde reatha sa mheasúnacht oideachasúil, agus dá réir sin bhí roinnt comhaltaí foirne i láthair thar ceann an CSS ag comhdhálacha agus ag seimineáir náisiúnta agus idirnáisiúnta i 2003.

Orthu seo bhí comhdháil bhliantúil an Chumainn Idirnáisiúnta um Mheasúnacht Oideachasúil, a bhí ag plé leis an téama *Dúshlán Mheasúnachta sa tSochaí Dhaonlathach*, agus comhdháil bhliantúil Chumann Measúnachta na hEorpa. Ar na páipéir a cuireadh i láthair ag na comhdhálacha seo bhí athbhreithniú ar mhíreanna formáide sofaistiúla i measúnacht ríomhaire-bhunaithe agus úsáid phórtfóilíonna sa mheasúnacht oideachasúil.

Bhí ionadaíocht freisin thar ceann an CSS ag seimineár ar *Teangacha sa Churaclam Iar-Bhunscoile*, a d'eagraigh an NCCA, agus ag seimineáir agus ag comhdhálacha éagsúla eile a d'eagraigh cumainn ábhar.



Caibidil 6: Gníomhartha Corporáideacha – Ag tacú le hEochairfheidhmeanna Gnó

Ba í an cheist ba mhó tábhacht don Roinn Oideachais agus Eolaíochta agus do Choimisiún na Scrúduithe Stáit nuair a bunaíodh é ná a chinntiú go mbeadh leanúnachas slán idir an Roinn agus an eagraíocht nua. Tháinig sé i gceist, ó thaobh eagrúcháin de, gur baineadh leas as formhór mór na n-acmhainní a bhí ar fáil laistigh den eagraíocht nua chun a chinntiú nárbh ísle an caighdeán seirbhíse a sholáthrófaí do chustaiméirí ó thaobh reáchtáil Scrúduithe Stáit na bliana 2003 de. Thar aon ní eile, ba é an príomhchuspóir i gcéad bhliain fheidhmiú an CSS ná a chinntiú go raibh na scrúduithe á reáchtáil mar ba chúil laistigh de na frámaí ama a bhí bunaithe agus go raibh na hardchaighdeáin a mbeifí ag súil leo á gcur i bhfeidhm. Baineadh an cuspóir seo amach.

Ba den riachtanas é chomh maith, áfach, go gcuirfí na seirbhísí, na struchtúir agus an pearsanra ar fáil chun tacú leis an eagraíocht a cuid eochairghníomhaíochtaí gnó a sholáthar agus an clár um nuachóiriú a chur chun cinn faoi scáth Thionscnamh na Bainistíochta Straitéisí. Tá dul chun cinn suntasach déanta maidir leis seo.

Is ionann i gcónaí eochairfheidhmeanna ghnó an CSS agus na feidhmeanna a bhíodh mar chúram ar Bhrainse Scrúduithe na Roinne Oideachais agus Eolaíochta. Le linn thréimhse an aistrithe go dtí an eagraíocht nua, thug an CSS an aird ba chúil ar sheirbhísí ardchaighdeáin do chustaiméirí, ar phleananna gnó agus straitéisí a raibh glactha leo ag Brainse Scrúduithe na Roinne roimhe sin.

FORBAIRT ACMHAINNÍ DAONNA

Seirbhís Pearsanra

Bunaíodh Aonad Pearsanra nua chun freastal ar riachtanais phearsanra 185 bhall den bhuanfhoireann agus 80 ball den fhoireann shealadach.

Earcú agus Ardú Céime

Chuaigh an CSS i mbun phróiseas earcaíochta le haghaidh Bainisteoirí Scrúduithe agus Measúnachta i gcomhar le Coimisinéirí na Státseirbhíse agus le Coimisinéirí um Cheapacháin Áitiúla. Cuireadh comórtas ardú céime inmheánach ar bun chun Ceann nua ar Roinn na Scrúduithe agus Measúnachta a roghnú chomh maith le roinnt postanna i ngráid eile, Oifigeach Feidhmiúcháin agus ArdOifigeach Feidhmiúcháin san áireamh.

Patrúin Fostaíochta

Patrúin fostaíochta ar leith atá ag an CSS. Gníomhaíonn na patrúin seo ar mhaithe le foireann na heagraíochta trí thionscnaimh oibre atá báil leis an teaghlach cosúil le fleisc-am, rannpháirtíocht oibre agus téarma-thréimhse; cuirtear riachtanais na heagraíochta san áireamh chomh maith trí mheán fostaíochta sealadaí agus páirtaimseartha.

Oiliúint agus Forbairt Foirne

Cuireadh éagsúlacht fhairsing oiliúna ar fáil sa bhliain 2003 i réimsí ar nós Scileanna Bainistíochta, Seirbhís do Chustaiméirí, Saoirse Eolais agus sainscileanna TE. Ghlac pearsanra de chuid an CSS páirt i gcomhdhálacha idirnáisiúnta a bhain le scrúduithe. I mí na Samhna, d'fhorbraigh agus thug pearsanra ón Roinn Scrúduithe agus Measúnachta seimineár cuimsitheach oiliúna ar chóiriú ceistpháipéar do 150 duine ar chonradh a bhíonn ag gabháil don obair seo. Aithníodh go gcaithfí oiliúint níos iomláine a chur ar fáil don ghrúpa seo de thoradh Anailís um Riachtanais Oiliúna a deindeadh in Aibreán 2003.

Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta

Dealraíonn sé go n-éireoidh leis an CSS an gealltanais a chomhlíonadh, faoin gComhaontas Náisiúnta Pá um Choinneáil Dul Chun Cinn, go mbeidh CBFF i bhfeidhm go hiomlán faoi 1 Eanáir 2005. Cuireadh tús le cleachtadh Measúnachta CBFF sa bhliain 2003 chun athbhreithniú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm CBFF agus chun réimsí arbh fhéidir iad a fheabhsú a aithint sa straitéis atá á cur i bhfeidhm faoi láthair.

FORBAIRT EAGRÚCHÁIN

Roinn Imeachtaí Corporáideacha

Bhunaigh an Coimisiún Roinn Imeachtaí Corporáideacha dá chuid féin a bhfuil mórchuid dualgas uirthi, soláthar oifig Phreasa agus Chaidrimh Poiblí ina measc; an clár um nuachóiriú faoi scáth Thionscnamh na Bainistíochta Straitéisí a chur i gcrích chomh maith le Pleananna Gnó, le Ráitis Straitéisí agus Pleananna Gníomhaíochta maidir le Seirbhís Ardchaighdeáin do Chustaiméirí, le caighdeáin feidhmiúcháin SAC agus le Cairt Chustaiméirí a fhorbairt; rúnaíocht a



sholáthar do na Coimisinéirí; iarratais um Shaoirse Eolais a chomhordnú; an suíomh gréasáin a fhorbairt agus tuairiscí bliantúla agus foilsíúcháin chorporáideacha eile a chur ar fáil.

Aitheantas Corparáideach

Deineadh aitheantas corparáideach nua a bhfuil ainm branda lógó agus scéim dhatha dá chuid féin aige a fhorbairt agus a lainseáil. Cuireadh fóram comhairleach foirne agus coiste roghnach ar bun chun comhaontú faoin lógó agus faoin aitheantas corparáideach.



Coimisiún na Scrúduithe Stáit *State Examinations Commission*

Struchtúir Comhpháirtíochta

Bunaíodh an príomhchoiste Comhpháirtíochta, ar a bhfuil ionadaithe ó na ceardchumainn, ón mbainistíocht agus ón bhfoireann agus an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin mar chathaoirleach air i mí Dheireadh Fómhair na bliana 2003. D'aontaigh an Coiste ar an bPlean Gníomhaíochta chun go mbainfeadh an CSS a chuspóirí amach faoin gComhaontas Náisiúnta Pá um Choinneáil Dul Chun Cinn. Tá clár oibre ardaidhmeannach go maith leagtha amach ag an gCoiste don bhliain 2004 ina ndéanfar forbairt ar Straitéis Inmheánach Cumarsáide, ar Straitéis Oilíúna agus Forbartha, ar Phleananna Gníomhaíochta maidir le Seirbhís Ardchaighdeán do Chustaiméirí agus ar Chairt Chustaiméirí chomh maith le Ráiteas Straitéise do na blianta 2004-2006.

Comhaontas Náisiúnta Pá um Choinneáil Dul Chun Cinn

Chuir an Coimisiún a Phlean Gníomhaíochta agus a Thuairisc ar Dhul Chun Cinn d'fhonn a gcuid geallúintí a chomhlíonadh maidir le nuachóiriú agus le hathrú a leagadh amach sa Chomhaontas um Choinneáil Dul Chun Cinn, faoi bhráid an ghrúpa um dheimhniú feidhmíochta sa Roinn Oideachais

agus Eolaíochta. Tá glactha ag an Roinn leis an bPlean Gníomhaíochta agus táthar sásta go bhfuil dul chun cinn suntasach déanta ag an CSS chun na spriocanna atá leagtha amach sa phlean a bhaint amach.

Seirbhís Ardchaighdeán do Chustaiméirí

Tá an CSS tiomanta don 12 phrionsabal maidir le seirbhís ardchaighdeán do chustaiméirí atá leagtha síos ag an Rialtas a chur i bhfeidhm. Tá aird á tabhairt ag an CSS i gcónaí ar Sheirbhísí Ardchaighdeán do Chustaiméirí de chuid na Roinne Oideachais agus Eolaíochta. Tá fo-choiste comhpháirtíochta bunaithe chun clár SAC a fhorbairt agus chun Plean Gníomhaíochta SAC, Caighdeán SAC agus Cairt do Chustaiméirí a leagadh síos.

Tá oiliúint faighte ag eochairbhaill foirne sa tréimhse um Chomhairliúchán do Chustaiméirí de phróiseas forbartha na Cairte do Chustaiméirí. Thosnaigh an tréimhse chomhairliúcháin le bunú Grúpa Comhairliúcháin TE. Is iad atá sa ghrúpa, a tháinig le chéile den chéad uair i Mí na Nollag 2003, ná ionadaithe ón gCoimisiún agus príomhoidí ó mheánscoileanna, ó cheardscoileanna agus ó scoileanna pobail agus cuimsitheacha. Bunófar breis fóram comhairliúcháin do chustaiméirí sa chéad cheathrú den bhliain 2004.

Lóistín agus Seirbhísí

Cuireadh tús le clár tógála athstruchtúrtha ag an gceanncheathrú againne i mBaile Átha Luain i Mí na Samhna 2003 chun freastal ar rannóga breise agus ar fhoireann bhreise. Ba cheart go mbeadh an clár tógála seo críochnaithe faoi Mhárta na bliana 2004.

